




Iris Aniar, *Luan-Déardaoín, 9.15 am*

Ardtráthnóna, *Luan-Déardaoín, 2.04 pm*

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

Biseach ***2007***



Iris Chumann Forbartha
Chois Fharraige

€6.00

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

Ceiliúradh 20 Bliain
1987-2007

- Seirbhís ATM ar fáil
- Seirbhís Malartú Airgid (FEXCO)
- Córas billí a íoc
- Ráta iomaíoch úis ar iasachtaí bíodh siad beag nó mór
- Gan costas ná táille á ghearradh ar na seirbhísí
- Rátaí tarraingteacha ar do choigilteas
- Clúdach árachais saoil saor in aisce ar d'iasachtaí
- Is leis na baill féin an Comhar Creidmheasa
- **Ráta speisialta 6.5% ar iasacht carranna**

Ag soláthar seirbhísí airgeadais don phobal
Tar isteach agus labhair linn ag aon am, beidh fáilte romhat.

Bíonn muid ar oscailt ar na laethanta seo a leanas

	Oifig an Chnoic	An Cheathrú Rua	Tír an Fhia
Dé Luain	10.30 – 4.00		
Dé Máirt	10.30 – 4.00		
Déardaoin	10.30 – 5.00	10.30 - 5.00	
Dé hAoine	10.30 – 5.00	10.30 - 5.00	12.30 – 1.30
Dé Sathairn	9.30 – 2.30		

Bíonn an oifig dúnta i gcomhair lóin óna 2.00 i.n. - 2.30 i.n. ó Luan go hAoine.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.



Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: (091) 593421. Faics: (091) 593089. Ríomhphost: ccccteo@eircom.net

Biseach

Cumann Forbartha Chois Fharraige

2007

Focal ón gCathaoirleach

Bliain eile beagnach imithe agus Biseach 2007 ann arís chun blaiseadh d'imeachtaí na bliana a chur os bhur gcomhair agus sibh a thabhairt siar ar bhóithre na smaointe leis an mbailiúchán seanphictiúir atá inti.

Tá tábhacht nach beag ag baint le hiris ar nós Biseach, ní don lucht staire a bheas ag déanamh mórstaidéir éigin ar phobal Chois Fharraige san am a caitheadh ach don pobal lena mbaineann sé. Tugtar léargas inti ar imeachtaí agus ar eachtraí an cheantair ó bhliain go bhliain agus scaití agus tú ag breathnú air déarfaidh tú, “*cén chaoi ar éirigh linn é sin a dhéanamh?*” nó “*bhí an oíche sin go maith*” nó “*faraor gan iad linn inniu*” nó “*tharla go leor i mbliana*” nó “*nach deas a bhreathnaíonn siad*”. Tá sé pearsanta agus spreagann sé mothúcháin dhifriúla ionainn uilig. É sin ráite, is leis an pobal trí chéile é, is ón bpobal a thagann an t-ábhar uilig agus murach gnaíúlacht phobal Chois Fharraige ní bheadh a leithid ar fáil.

Is mé ag caint faoi ghnaíúlacht phobal Chois Fharraige, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug cúnamh dúinn ar bhealach ar bith agus muid ag réiteach Biseach 2007. Ar ndóigh, mura dtarlaíonn aon rud ní bhíonn aon scéal le n-insint ach ní sin mar a

bhí, tharlaigh neart anuraidh, leis na dearmad ní luafaidh mé aon ceann ar leith anseo ach is féidir leat léamh fúthu nó breathnú ar na pictiúr níos faide isteach san iris.

Comhghairdeas leis na Cumainn, na Coistí agus le pobal Chois Fharraige as a bhfuil bainte amach agaibh i mbliana. “Seachnaigí fear an phlámaís”, a deir an seanfhocal agus mar gheall go raibh sibh comh maith sin anuraidh tá “Comórtas idir Bhailte” á eagrú ag gCumann Forbartha ina mbeidh seó stáitse leis an téama “**Chois Fharraige 2050**”. Tá tuilleadh eolais le fáil ó oifigí an Chomharchumainn.

De réir mar chloisim tá neart imeachtaí beartaithe don bhliain seo chugainn ag na cumainn agus ag na coistí éagsúla atá ag feidhmiú sa cheantar. Ná seachnaigí iad agus na ceil dó chúnamh má tá tú in ann. Má tá aon imeacht nó eachtra fágtha ar lár níl tada bainte as an mbliain seo chugainn fós agus le cúnamh Dé beidh muid ag foilsiú arís.

Bainigí taitneamh as Biseach 2007 agus guím Nollaig Mhaith agus Bliain Nua faoi mhaise daoibh go léir.

Seán Ó Raighne
(Cathaoirleach Chumann
Forbartha Chois Fharraige)

Clár

Ábhar	Lch.
An bhFuil Mórán Déanta	3
Scoil an Tulaí	7
Scoil Sailearna	11
Ealaín Bheo	19
Ionad Tacaíochta	20
You're a Star	23
Comórtas Liteartha	24
Cumann Drámaíochta	27
Rós Deilgneach	28
To Russia	30
Capaill na gCualán	33
Tearmann Éanna	35
Na Coastguards	36
Spórt	41
Pleananna Forbartha	50
Canon Lyons	55
Seanphictiúir	56



Madin Lá Nollag 2004



Child Rescue Centre Nairobi Kenya

Rith / Slúil Míle ar mhalthe le GOAL

Beidh an GOAL Míle á reachtáil maidin lá Nollag ó 10:00 rn. go dtí 12:30 i n. ag traic rasaíochta na hOllscoile, Daingean (Bóthar Mhaigh Quilinn) i nGaillimh.

Fógra urraithe ag Coláiste Lurgan

Is féidir cártaí urraíochta a fháil ó oifig Choláiste Lurgan (593182) nó ó oifig GOAL i nGaillimh (587901)

Beidh teastas ar fáil do na daoine uilig a ghlacann páirt.

Rachadh an t-airgead chun tacú le obair GOAL sna tíortha atá fós ag forbairt.

Tá GOAL ar an bhfód anois le breis 's fiche cúig bliain agus é dírithe i gcónaí ar an sprioc céanna, mar a tá, faoiseamh a thabhairt ón gcruatan a luíonn ar na bochtáin is dearóile i dtíortha atá fós ag forbairt. Féachann GOAL le deis a thabhairt do na daoine is leochaillí agus is mó atá thíos le hiompar mídhaonna, teacht ar bhunriachtanais agus ar bhunchearta an duine i. bia, uisce, fásadh, cóir leighis agus bunoidéachas. Is eagraíocht í GOAL nach bhfuil ceangailte le haon chóras creidimh, polaitíochta ná rialtais. Le do chúnamhsa, tá breis agus céad oibrí deonach de chuid na heagraíochta ag saothrú i measc na mbochtán is dearóile i bhfiche tír ar fud an domhain.



Clódóirí Lurgan Teo.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

**Gach cineál clódóireacht
Bróisiúir, Nuachtlitreacha,
Leabhair, Póstaeir srl.**

Dubh & Bán nó Lándaithe

Teil: 091 593251

Facs: 091 593159

R.Phost: clodoiri@eircom.net

An bhFuil Mórán Déanta?

Anuraidh, rinneadh ceiliúradh ar bhunú Chumann Forbartha Chois Fharraige i 1966. Seo a leanas an píosa a scríobh Cathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige, Peadar Mac an Iomaire, i mBiseach i 1987 inar chaith sé súil siar ar raibh déanta go dtí sin. Ar ndóigh tá rudaí móra déanta ó shin freisin.

I 1966, ní raibh aon mhonarcha ag Gaeltarra Éireann ó abhainn an Spidéil go dtí abhainn Chruimlinn. Ní raibh aon phíopaí uisce ag dul le bóthar. Ní raibh mórán turasóirí ag fanacht ar lóistín san áit, cé is móite de Choiste na bPáistí, agus gasúir na mBráithre. Bhí líon na ngasúr sa Scoil Náisiúnta ag ísliú. Ba chaol sheans go bhfaighfeadh an duine a fuair deis oideachas tríú leibhéal a fháil, obair ina cheantar féin. B'í an imirce a bhí ag briseadh croí aithreacha agus máithreacha a bhí tar éis clann mhór a thógáil.

Easpa saothrú ag baile a dhíbir na mílte d'aos na háite go Sasana agus go Meiriceá agus a d'fhág an dream a d'fhan ina ndiaidh na mbaile ar bheagán muiníne i gceantar nach raibh in ann a mhuintir féin a choinneáil ag imeacht. Is cinnte go raibh ochtar as gach uile dheichniúr as obair sa bparóiste seo bliain agus fiche ó shin.

Ar an Domhnach an 6ú Márta, 1966 d'fhógair sagart na háite ag an am, an Ath. Seán de Bláca, go raibh cruinniú le coiste paróiste a bhunú an tráthnóna sin. Sa séipéal a tionóladh an cruinniú sin mar nach raibh aon áit eile feiliúnach sa phobal ag an am. Ar na daoine a tháinig ag an gcéad chruinniú sin, bhí múinteoir amháin, beirt de lucht gnó na háite, roinnt daoine a bhí páirteach i bhforás litríochta agus i bhforás spóirt sa bparóiste ins na tríochaidí agus ins na ceathrachaidí agus roinnt mhaith de dhaoine óga a bhí sásta rud ar bith a dhéanamh



Peadar Mac an Iomaire

le cogadh a chur ar an mbochtanas, ar imirce agus ar dhí-fhostaíocht. Toghadh coiste as an méid a bhí i láthair an oíche sin agus socraíodh gur ar an gCéadaoin dár gcionn a thiocfadh an coiste le chéile i seomra a bhí gan úsáid i Sean-scoil an Chnoic.

Aidhmeanna

Ag an gcéad chruinniú coiste sin, rinneadh amach liosta de na rudaí ba ghéire a bhí ag teastáil sa bparóiste. Orthu sin bhí:-

1. Forbairt na turasóireachta.
2. Céibh nó slip ar an Lochán Beag.
3. Bóthar na reilige a dheasú agus a leathnú.
4. Scoil Náisiúnta nua a thógáil.
5. An séipéal a dheasú agus carrchlós a dhéanamh in aice leis.
6. Obair gheimhridh a chur ar fáil do mhuintir na háite.
7. Córas uisce poiblí a chur ar fáil.
8. Iascaireacht farraige agus locha a fhorbairt.
9. Monarcha a thógáil san áit.
10. Páirc pheile agus pionúr liathróid láimhe a dhéanamh.
11. Crainnte a chur ar thalamh sléibhe.
12. Eolas a thabhairt do fheirmeoirí ar scéimeanna feabhsaithe talún agus iarracht a dhéanamh na scéimeanna sin a fheabhsú.
13. Scoláireachtaí Gaeltachta

Náisiúnta a fháil bunaithe.

14. Portaigh a fhaíl do mhuintir na háite.

15. Soilse poiblí.

16. Teora luais.

17. Leabharlann.

Coiste

Seo iad na daoine a bhí ar an gcéad choiste de Chumann Forbartha Chois Fharraige i 1966.

An tAth. Seán de Bláca, Uachtarán.

Seán Ó Mainnín, Cathaoirleach.

Pádraic Mac an Rí, Leas-Chathaoirleach.

Peadar Mac an Iomaire, Rúnaí.

Seán Tuohy, Cisteoir, R.I.P.

Seán Ó Tuairisg, Oifigeach Caidrimh Poiblí.

Baill Coiste:

Tomás Ó Maoileoin, Cor na Rón.

Pádraic Chóil Ó Fátharta, An Teach Mór, R.I.P.

Pádraic Ó Coistealbha, An Lochán Beag, R.I.P.

Mícheál Ó Ceannabháin, Na hAille.

Máirtín Ó Curraidhín, Na hAille.

Seán Ó Srutháin, An Chathair.

Colm Ó Céidigh, Saillethúna

Tadhg Ó Curraidhín, An Cnocán Glas.

Forbairt

Cruinniú is fiche a bhí ag an gcéad choiste den Chumann Forbartha ó mhí na Márta go mí na Nollag i 1966. Tháinig Pádraig Ó Durcáin ag cruinniú den choiste ar an 14ú Aibreán, 1966 agus ba de thoradh an

chruinnithe sin a rinneadh an slip ar an Lochán Beag. Thug Coimisiún na Talún áit páirc imeartha don Chumann Forbartha trasna ón nGairm Scoil. Nuair a tugadh saineolaithe ag breathnú ar áit na páirce seo, fritheadh amach nach raibh an áit feiliúnach le haghaidh páirc imeartha agus chomh maith le sin faoi seo bhí áit páirc imeartha geallta ar thalamh an tsagairt ag Ard-Easpag Thuama an Dr. Breathnach don Chumann Forbartha. Socraíodh ansin an suíomh ag an nGairm Scoil a thabhairt do Ghaeltarra Éireannle monarcha a thógáil ann. Bhí muid sásta an talamh sin a thabhairt in aisce do Ghaeltarra Éireann, ach thairg siad €3,000 a thabhairt dúinn air. Is ar an suíomh sin a tógadh monarcha Hydro Marine agus is ann atá a gceannáras ag Comharchumann Shailearna anois. Thug an Cumann Forbartha an t-airgead a fuair siad ar an suíomh seo do choiste na páirce imeartha nuair a tosaíodh ag obair ar an bpáirc.

B'iomaí rud a bhuaíl Cumann Forbartha Chois Fharraige futhú sna chéad bhlianta. Chuireadh an Cumann oícheanta ceoil, filíochta agus seanchais ar fáil sa Sean Scoil. Léiríodh drámaí inti freisin. Réitíodh seomra amháin le bheith ina ionad sóisialta don áit, agus d'imríte cártaí ann oícheanta áirithe den tseachtain. Is ann freisin a bhíodh cruinnithe an Chumainn gur dúnadh an tSean Scoil timpeall cúig bhliana déag ó shin.

Ar an 2ú Deireadh Fómhair, 1966, thug an Cumann Forbartha oll-chruinniú le chéile do mhuintir an pharóiste le míniú a thabhairt dóibh ar a raibh déanta ag an gCumann agus freisin le liosta a fháil ón bpobal ar a raibh le déanamh fós. Is ag an gcruinniú poiblí sin a socraíodh go n-athbhunófaí Cumann Peile Mhíchíl Bhreathnaigh, agus rinneadh sin ar an Sú Deireadh Fómhair, 1966.

Cumann Drámaíochta

Ar an 9ú Márta, 1967 bunaíodh Cumann Drámaíochta Mhíchíl Bhreathnaigh agus léirigh an Cumann sin drámaí ar an gCnoc agus in áiteanna éagsúla eile ar fud Chonamara. Chuir an Cumann Forbartha isteach ar chomórtas Ghlór na nGael i 1967, agus fógraíodh go raibh an dara duais buaite ar an 18ú Deireadh Fómhair an bhliain sin. Is beag bliain ó shin nach bhfuair an pobal seo duais éigin i gcomórtas Ghlór na nGael. I mí Aibreáin, 1967 bunaíodh fo-choiste tionsclaíochta ar a raibh Seán Ó Mainnín, Seán Tuohy, R.I.P., an tAth. Seán de Bláca, Pádraic Mac an Rí agus Peadar Mac an Iomaire. I mí Meithimh, 1967 moladh leacht a thógáil in ómós na ndaoine a mharaigh an mine ar an Lochán Beag i 1917. Bhailigh gaotha na ndaoine sin an t-airgead leis an leacht a thógáil ar láthair na tubaiste, agus cuimhneachán in omós na marbh a bheith sa séipéal freisin.

Is measúnú a dhéantaí ar theacht isteach chuile dhuine a bhíodh ag fáil an dole i 1966. Mhol an Cumann Forbartha go gcuirfe deireadh leis an gcóras sin mar go raibh sé ag marú an spiorad a bhí in daoine dul chun cinn a dhéanamh. Níor tháinig aon athrú ar an gcóras sin go ceann trí nó ceathair de bhlianta ina dhiaidh sin. Tháinig foireann forbartha an Chontae ag cruinniú leis an gCumann Forbartha sa tSean Scoil ar an 2ú Nollaig, 1968. Caitheadh dhá bhliain ag brú ar



OLLMHARGADH

**Ionad Búistéara
Eisceadúnas**

**Stáisiún Breosla
Crua Earraí • Fearas Carranna**

Chomhairle Contae na Gaillimhe córas uisce poiblí a chur ar fáil i gceantar Chois Fharraige. Ag cruinniú ar an 23ú Nollaig, 1968 socraíodh coiste Grúp Scéim Uisce a bhunú. Ar an Sú Nollaig, 1970 mhol an Cumann Forbartha go mbunófaí Comhar Creidmheasa san áit. Thart ar an am céanna bhíothas ag bunú Comharchumann Chois Fharraige. B'iontach an dul chun cinn a rinne Comharchumann Chois Fharraige, ní hé amháin do pharóiste an Chnoic, ach don cheantar uilig ó Bhearna go Ros a' Mhíl. Chuir an Comharchumann sin córas uisce reatha ar fáil i gcuid de cheantar an Spidéil, agus ins an gceantar uilig ó abhainn an Spidéil siar chomh fada le Ros a' Mhíl. Ina theannta sin, cuireadh scoláirí ar fáil i dtithe lóistín san áit, agus cuireadh jabanna ar fáil do leathchéad duine. D'fhoilsigh an Cumann Forbartha iris ar a tugadh 'Biseach' i 1967 agus arís i 1968 agus go rí mhinic ó shin.

An Seanscoil

Bhí sean scoil an Chnoic go dona san am ar bunaíodh an Cumann Forbartha. Thug an Cumann ceannródaíocht le tuismitheoirí a eagrú le brú a chur ar an Roinn Oideachais scoil nua a chur ar fáil. I dtús na seachtóidí a tógadh an scoil nua sin. Is comhartha ar an bhfás agus ar an bhforbairt atá tagtha ar pharóiste an Chnoic go bhfuil méadú mór ag teastáil a dhéanamh ar an scoil sin anois le freastal ar riachtanais oideachais agus aclaíochta na ngasúr atá agus a bheas ag freastal orthu. Cé gur éirigh leis an gCumann Forbartha roinnt mhaith rudaí a chur i gcrích ins na chéad cúpla bliain taréis a bhunaithe ní raibh baill an chumainn sásta lena ndul chun cinn. Bhíodar fíor mhí-shásta le Comhairle Contae na Gaillimhe, agus le Ranna Stáit agus le Gaeltarra Éireann as a laghad a bhí siad siúd a dhéanamh ar son cheantar an Chumainn. Bhí an Cumann seo i measc coistí eile i gConamara páirteach i mbunú Eagrais na Gaeltachta.

Ba i Scoil Náisiúnta Rath Caim a bunaíodh Eagrais na Gaeltachta. Ba ghearr gur facthas don Chumann Forbartha nach raibh Eagrais na Gaeltachta in ann fiú amháin an oiread a dhéanamh agus a bhí an Cumann Forbartha a dhéanamh ar son pobal na Gaeltachta. B'é sin a spreag óige an pharóiste seo agus daoine óga i gceantair eile le Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta a bhunú i mí na Márta 1969. Chuir Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta dúiseacht ar lucht cumhachta agus lucht údaráis sa tír seo nach ndéanfadh an Cumann Forbartha féin go deo. Bhí de dhualgas ar choistí mar an Cumann Forbartha grúpaí éagsúla a thabhairt leo le linn dóibh a bheith i mbun forbartha. Daoine óga nach raibh aon ghreim mhór ag an saol orthu a bhí i mbun Chearta Sibhialta. Is féidir a rá gur daoine a rinne printíseacht sa gCumann Forbartha a chuidigh le bunú agus neartú na gluaiseachta ins na chéad trí nó ceathair de bhlianta dá ré. D'iarr Gluaiseacht Chearta Sibhialta rudaí speisialta go dúshlánach, mar atá Údarás láidir Gaeltachta, Raidió na Gaeltachta agus postanna sa bhaile do phobal na Gaeltachta. Cé gur thit an Ghluaiseacht ó chéile taréis roinnt bhlianta, d'fhan fealsúnacht na hEagraíochta ag snámh i gcoistí pobail, i gcomharchumainn agus i gComhchoiste Ghaeltachta



SuperValu Indreabhán

Siopa an Phobail

Rogha an bhia do thogha na ndaoine

Coill Rua Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020
Facs 091 593338

SuperValu
Real Food. Real People

Chonamara ar feadh na mblianta, agus ní hé amháin sin, ach thosaigh aidhmeanna na gluaiseachta ag snámh isteach i gcláir toghchánaíochta páirtithe polaitíochta seanbhunaithe. D'fhéadfaí a rá go dtáinig aidhmeanna Chumann Forbartha Chois Fharraige chun soiléireachta in aidhmeanna Chearta Sibhialta na Gaeltachta.

Fostaíocht

Ins na seascadaí, bhí an Cumann Forbartha ag iarraidh fostaíocht agus forbairt a chur ar fáil i gceantar séipéil an Chnoic. Ins na seachtóidí, bhí an Cumann sin mar eagraíocht a bhí ag cur smaointe chun cinn sa bpobal agus ag tabhairt deis do choistí eile na smaointe sin a chur chun cinn. Ba coistí iad na coistí eile sin a bhí taréis fás go díreach nó go hindíreach as obair trí nó ceathair de bhlianta ag an gCumann Forbartha féin. Rinne coiste na páirce peile ar an gCnoc obair éachtach agus bhailigh siad an t-uafás airgid leis an bpáirc pheile agus leis an bpionúr liathróid láimhe a dhéanamh. Bhí an Cumann Forbartha ar fáil i gcónaí i ngéarchéim le cuidiú le coistí agus le grúpaí éagsúla sa phobal. I 1973, nuair a bhí Comharchumann Chois Fharraige i bhfíor dheacracht airgid, bhí baill an Chumann Forbartha sásta a dhul timpeall agus scaireanna a bhailiú agus obair dheonach a eagrú ar an ngrúp scéim uisce go dtí go dtiocfadh deontais ón Roinn Comhshaoil. B'é Cumann Forbartha Chois Fharraige a thug cuireadh do choistí pobail Chonamara ar fad a theabht le chéile ar an gCeathrú Rua áit ar bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara. Bunaíodh an Coiste sin mar réiteach

d'Údarás Gaeltachta bunaithe ar choistí pobail tofa. B'é an Comhchoiste sin ar mholadh ón gCumann Forbartha a mhol go mbeadh comórtas idir na pobail ann.

Tháinig Eithne Viney chun cainte leis an gComhchoiste ag an am céanna a raibh sí ag caint leis an Údarás faoi smaoineamh an chomórtais forbartha pobail. Cé go raibh an Cumann Forbartha go mór chun tosaigh ag moladh agus ag cuidiú le bunú an Chomórtais Forbartha pobail ag Gaeltarra Éireann, ní dóigh linn go bhfuair muid cothrom na féinne ariamh sa chomórtas sin mar de réir an chóras moltóireachta a bhí leagtha amach, d'fhéadfadh ceantar ar fhíor bheagán Gaeilge duaiseanna an chomórtais a fháil agus fuair.

Comharchumann Nua

Nuair a d'éirigh Comharchumann Chois Fharraige as trádáil i 1983, bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh an dóchas a bhí i measc coistí sa phobal le blianta ag titim as a chéile. Ag cruinniú den Chumann Forbartha ag deireadh mhí Eanáir, 1984, moladh go mbunófaí Comharchumann nua, agus mar a bhualfaí do dhá bhos faoi chéile, bhí seacht gcéad scairshealbhóir tar éis geallúint a thabhairt go raibh siad sásta €70,000 a chur ar fáil mar scair chaipiteal don Chomharchumann nua. B'é aidhm an Chumann Forbartha a bunaíodh bliain is fiche ó shin forbairt pobail a chur chun cinn trí an oireadh daoine agus is féidir ar an oiread coistí agus is féidir a bheith ag obair ar mhaithe le leas an

cheantair. Tá an-mholadh ag dul do Roinn na Gaeltachta as an mbealach atá acu le díogras a chruthú agus a chothú i measc pobail agus coistí trí thabhairt le tuiscint dóibh gur as na hiarratas agus as na hiarrachtaí a dhéanann na coistí agus na pobail atá airgead le fáil ón Roinn. Téann oifigigh Roinn na Gaeltachta as an mbealach le féin-mhuinín a thabhairt do choistí mar Chumann Forbartha Chois Fharraige mar tuigeann siad go bhfuil féin-chabhair mar eochair d'fhorbairt an phobail.

Poiblíocht

Cáinte an Cumann Forbartha go minic de bharr a laghad poiblíochta agus a iarrann siad agus dá bharr sin a fhaigheann siad dóibh féin agus don obair a bhíonn ar siúl acu. Níor shantaigh an Cumann Forbartha ariamh poiblíocht ar chúis mhaith amháin. Chreid an Cumann go n-oibríonn an phoiblíocht ar an nglóir aonair agus gurb í an ghlóir aonair sin a mharaíonn an fonn a bhíonn ar dhaoine a bheith ag comhoibriú le chéile ar mhaithe le leas a bpobal.

I mí Márta, 1987, beidh bliain is fiche caite ag an gCumann seo ag obair ar son leasa pharóiste an Chnoic. Ins na blianta sin, chonaic an pobal seo athruithe móra. Tá go leor daoine a chuidigh leis an gCumann agus cuid acu a d'oibrigh go crua ar an gCoiste imithe ar shlí na fírinne. Is críonna an té a déarfadh cén chaoi a mbeidh paróiste an Chnoic bliain agus fiche ó inniu. Chuidigh dóchas, fíis, fadbhreathnaíocht agus foighid leis an bpobal seo agus leis an gcoiste sna blianta atá caite. Sé ár ndóchas go dtiocfaidh ceannródaíthe óga chun cinn ins an am atá romhainn a choinne os paróiste an Chnoic ina áit a mbeidh saothrú le fáil ann agus compóirt agus solás le maireachtáil ann, agus thar aon rud eile go mbeidh sé fós ina Ghaeltacht chomh láidir agus a bhi an lá ar bunaíodh an Cumann Forbartha. Má éiríonn linn sin a dhéanamh beidh muid mar phobal, inár sampla do pharóistí eile ar fud na tíre.



Forbairt Pobail Teanga Cultúr

Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha Co. na Gaillimhe Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101	Baile Mhic Ire, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí Teil: (026) 45386 Facs: (026) 45423	Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair Doirí Roga Co. Dhún na nGall Teil: (074) 9560100 Facs: (074) 9560101	Páirc Ghnó an Daingin An Daingean, Co. Chiarraí Teil: (066) 9150100 Facs: (066) 9150101
--	---	--	---

Áistinn Bheal an Mhuirthead,
Béal an Mhuirthead,
Co. Mhaigh Eo
Teil: (097) 81418
Facs: (097) 82179

[e: eolas@udas.ie](mailto:eolas@udas.ie) [w: www.udas.ie](http://www.udas.ie)



Údarás na Gaeltachta



Forbairt Scoil Cholmcille na Tulaí

In áit an chiúnais bhí torann mór le cloisteáil ó Scoil na Tulaí ó thús na bliana. Bhí Cuddy Teo. i mbun oibre le trí cinn de sheomraí ranga nua a thógáil mar aon le seomra múinteoirí, seomra don Phríomhoide, oifig nua, leithris nua, díon nua ar dhorchla na scoile, áit spraoi taobh amuigh le dromchla tarmacadam do na gasúir agus méadú a chur ar an gcarrchlós le freastal ar charranna na dtuismitheoirí. Leagadh an seantúr uisce agus an sean-ionad foscaidh le tuilleadh spáis a chur ar fáil mar áit spraoi do na gasúir.

Bail ó Dhia ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar Bhord Bainistíochta na Scoile a bhailigh €70,000 le cur leis an deontas flaithiúil de €583,000 a frítheadh ón Roinn leis an gcostas iomlán a ghlanadh.

Is é an t-ailtire Niall Ó Céirín a tharraing na pleananna don fhorbairt, faoi stiúir Bhord Bainistíochta na Scoile.

D'ordaigh Dia cúnamh! Is údar mór dóchais don cheantar a leithéid do chomhoibriú i bpobal beag le dul chun cinn na ngasúr a bhrú ar aghaidh. Bailíonn brobh beart! "Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine!"

An tAth. Micheál Ó Flannabhra, S.P.



Ré Nua 1961-2007

Tá roinnt mhaith athraithe feicthe ag Scoil Cholmcille, An Tulaigh ó tógadh í i 1961 ar an suíomh ina bhfuil sí faoi láthair. Sa bhliain sin, ba é Mícheál Ó Fátharta (R.I.P) as an gCnoc, na hAille, a bhí mar Phríomhoide, agus bhí beirt mhúinteoirí eile ina theannta. I 1970 rinneadh cónascadh idir Scoil Cholmcille na Tulaí agus Scoil Bhríde na Minna. Ba í Bríd Bn. Uí Dhonncha a bhí ag múineadh i Scoil na Minna ag an am agus bhí sí ag múineadh i Scoil na Tulaí ina dhiaidh sin nó gur éirigh sí as a post i 2000.

Scoil 3 oide a bhí sa scoil go dtí 1981 nuair a bhí 109 ndalta cláraithe ar an Rolla. Sa bhliain sin ceapadh Séamas Ó Conghaile mar Phríomhoide agus ba é a bhí sa ról sin nó gur éirigh sé as i Meán Fómhair 2006.

Tógadh seomra réamhdhéanta i 1981 chun freastal ar an rang breise agus bhí sé fós ag feidhmiú mar sheomra ranga go dtí 1998 nuair a tógadh seomra ranga nua, seomra foirne agus seomra uilefhiúntach.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar an seanfhoirgneamh agus is beag a cheap muid ag an am go mbeadh muid ag tógáil arís taobh istigh de 10 mbliana!

Le 5 bhliana, tá méadú mór tagtha ar líon na ngasúr atá ag freastal ar an scoil. Sa bhliain 2005 bhí 117 gasúr ar na rollaí agus ceapadh Niamh Ní Loinsigh as Cor na Rón mar an 5ú múinteoir ranga. Anuraidh (2006) ní raibh ach ochtar i Rang a 6 agus nuair a chríochnaigh

siadsan i Meitheamh na bliana seo bhí 24 gasúr cláraithe i Rang na Naíonáin Bheaga agus tháinig ochtar eile – as Meiriceá, Maigh Eo, Cill Dara agus ón bPolainn – i ranganna eile sa scoil, rud a d'fhág go bhfuil 156 gasúr ar na rollaí againn faoi láthair. De bharr an mhéadú seo fuair muid cead múinteoir eile a cheapadh, sin í Sarah Ní Choistealbha as an bPáirc atá ag múineadh Rang a 2.

Nuair a ceapadh Niamh Ní Loinsigh i 2005 bhí orainn seomra réamhdhéanta a fháil agus ina theannta sin, an bhliain chéanna, ceapadh múinteoir tacaíochta foghlama agus múinteoir acmhainne lánaimseartha ar an bhfoireann agus fuaireamar seomra eile réamhdhéanta dóibh siúd. Chuireamar iarratas chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag iarraidh seomraí ranga breise agus ceadaiódh an deontas dúinn i Márta 2006. Thosaigh comhlacht tógála Cuddy ar an obair i Márta na bliana seo agus ar an gCéadaoin roimh shaoire na Samhna

d'aistrigh muid isteach i 3 sheomra ranga nua, le háiseanna den scoth.

Ba iontach go deo an tacaíocht a fuair muid ó thuismitheoirí na scoile agus ó phobal na Tulaí chun airgead a bhailiú don fhoirgneamh nua agus arís tháinig meitheal breá isteach chun cabhrú linn an troscán a aistriú agus cláracha a chrochadh. Nár laga Dia sibh!

I dteannta na seomraí nua a tógadh ceadafódh deontas dúinn chun athchóiriú a dhéanamh ar cheann de na seanseomraí ranga agus anois tá seomra céadfach (*sensory room*) le fearais den scoth againn. Tá an seomra seo (an t-aon cheann dá shórt in aon bhunscoil sa chontae) feistithe amach do ghasúir a bhfuil riachtanais speisialta acu agus a bhfuil clár oibre leagtha amach ag an Teiripeach Ceirde dóibh.

Seo leanas na múinteoirí a mhúin sa scoil ó 1961:

Mícheál Ó Fátharta, Príomhoide (1961 – 1980) as na hAille; Máire Duignan; Bairbre Ní Churraoin; Bríd Uí Dhonnchadha (1970 – 2000); Séamas Ó Conghaile, Príomhoide (1980 – 2006); Máire Ní Dhonnchadha (1981 – 1996); Bríd Ní Neachtain (1988 – 1992); Fil Uí Dhubhghaill (1992 – 2006) Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra agus ó Meán Fómhair 2006 mar Phríomhoide agus Rang na Naíonáin Bheaga; Yvonne Ní Laife (1995 –); Bríd Bleasdale (2000 –) Príomhoide Ionaid agus Rang a 3 agus 4; Caroline Ní Fhrighil (2003 –) Múinteoir Acmhainne; Tríona Breathnach; Rita Ní Chonghaile (2004 –) Múinteoir Tacaíochta Foghlama; Niamh Ní Loinsigh (2005 –) Rang a 1; Bernadette Uí Laoi (2005 –2007) Tá Bernadette ar shos gairme faoi láthair; Cathal Ó Frighil (2006 –) Rang a 5 agus 6; Sarah Ní Choistealbha (2007–) Rang a 2; Caitríona Ní Chualáin (2007–) Rang na Naíonáin Mhóra (in ionad Bhernadette Uí

Laoi; Brian Ó Murchú (Samhain 2007–) Múinteoir Acmhainne Roinnte.

Ag cabhrú leis na Múinteoirí tá 4 Cúntóirí Riachtanais Speisialta – Pauline Breathnach, Kathy Ní Ghríofa-Nic Tháibhis, Bríd Ashford agus ag an am a raibh an t-alt seo á scríobh bhí muid ag fanacht le ceapachán eile. Is í Máire Uí Dhonnchadha an Rúnaí agus déanann sise a dícheall muid ar fad a choinneáil ar an mbóthar díreach! Tá creidiúint faoi leith ag dul do Thadhg Ó Conghaile agus dá bhean chéile Cáit, as an gCaisleán, a choinníonn an fhoirgneamh breá seo glan, slachtmhar!

Nach iontach na scéalta a d'fhéadfadh na ballaí a inseacht agus nach iomaí gasúr a shiúil trí dhoirse na scoile seo le 46 bliana agus le cúnamh Dé ní aireoidh muid é go mbeidh muid ag ceiliúradh an leathchéid!

Fil Uí Dhubhghaill

Céad Comaoineach na Tulaí



Ar chúl ó chlér: Fil Uí Dhubhghaill (príomhoide), An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Niamh Ní Loinsigh (múinteoir).

Sa lár ó chlér: Colm Ó Finneadhá, Aaron Ó hAinnín, Mícheál Ó Tuathail, Colm Ó Donncha, Eimear Ní Thuairisg, Camille Casbum-Trahan, Marie Ní Fhlanncha, Caoilfhionn Ní Chomhghain.

Chun tosaigh ó chlér: Liam Mac Donncha, Emer Ní Dhonncha, Anyisia Ní Thuairisg, Tamara Ní Chonghaile, Sorcha Ní Bhraonáin, Niamh Ní Chuinn, Méabh Nic Dhonnacha, Rachel Nic an Ultaigh, Seosamh Ó Conghaile.

Beannú Scoil Cholmcille na Tulaí 2007

In Ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naomh. Amen.

Go mBeannaí Dia dhaoibh!

Thar cheann an Phobail fearaim fíorchaoín fáilte romhaibh ar fad ag Scoil Cholmcille na Tulaí ar ócáid a beannaithe. Buíochas mór le Dia go bhfuil a leithéid de lá tagtha. Is ócáid mhór stairiúil áthasach í sa bpobal seo. Bhíomar ag fanacht le fada lena leithéid de lá. Ach b'fhiú an fanacht fada!!

Cuirim fáilte Uí Cheallaigh roimh an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív T.D., a ghearr an ribín dúinn ar ball agus roimh oifigigh a Roinne. Fáiltím roimh oifigigh ón Roinn Oideachais. Ní raibh an tAire Oideachais féin in ann a bheith linn inniu ach gheall sí bualadh isteach sa scoil ag ócáid eile amach anseo. Glacaim buíochas leis Roinn Oideachais a chuir deontas de €583,000 ar fáil don scoil. Glacaim buíochas leis an bpobal, idir thuismitheoirí, múinteoirí agus Bord Bainistíochta na scoile, a bhailigh €70,000 don scoil. B'iontach go deo an t-éacht an oiread sin a bhailiú i bpobal beag agus is údar gaisce é don phobal. Fáiltím roimh na haíonna atá tagtha. Ba dheas uaibh a theacht.

Thuas atá an chabhair is anuas a haghaidh. Tá stór mór i gcófra Chríost agus Dia na Glóire go fairsing faoi. Iarraimis uilig le chéile ar Dhia rabharta mór dá bheannachtaí a scaoileadh anall ón gcladach thall againn atá bailithe le chéile ar an gcladach abhus.

Guimis:- A Dhia tá d'fharraige chomh mór sin agus bád na scoile chomh beag sin. Tar anuas agus leag do lámh ar stiúir an bháid anseo á threorú is á chumhdach. Go raibh istigh inti, idir scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta, ag tarraingt le chéile i gcónaí ar na maidí le bád na scoile a choinneáil faoi lán seoil.



Scoil na Tulaí mar a bhí roimh an bhforbairt mhór is deireanaí.



An seomra nua céadfach i Scoil na Tulaí.

Beannú na Scoile

Go mbeannaí Dia an foirgneamh nua seo
óna bhun go dtí a bharr.
Go mbeannaí Sé an fardoras,
gach cloch is gach clár:
Go gcumhdaí Dia an scoil seo
agus gach a bhfuil dinn ann:
Idir scoláirí, múinteoirí agus chuile dhuine
A shíúlann thar tairseach faoina cheann.
Go mbeannaí Sé an doras a osclóimid go fial
don stráinséir is don bhochtán,
Chomh maith is dár ngaol:
Go mbeannaí Sé na fuinneoga
A ligeann dúinn an léas
ó sholas geal na Gréine, na Gealaí is na Réalt.
Go mbeannaí Sé na frathacha in airde os ár gcionn
Is fós gach balla daingean atá dár dtimpeallú ann.
Go gceanglaí Dia le chéile scoil is Gaeilge
ar nós an chleamhnais is binne;
Mar 'sí an scoil todhchaí ár linne
agus an Ghaeilge guth an chine.
Go raibh dílseacht don Fhírinne le mothú faoina scáth
Is don chultúr, dúchas is teanga, cion is grá:
Go mbeannaí Dia lucht na scoile
is gach a mbaineann léi a choinneáil ó bhaol,
Agus go spreaga agus go stiúra
a bhéas feicthe agus cloiste ann
Chuile ghasúr i mbun an tsaoil:
Go raibh dearcadh Chríost á ngríosadh,
Sampla Chríost á scaipeadh ar nós an tsíl.

Agus gasúir na scoile seo dá réiteach is dá múnlu le haghaidh an tSaoil. Cuirim an scoil seo faoi chumhdach ár Naomh Phatrún Colm Cille. Go spreaga sé dúil san oideachas i measc na ngasúr agus go méadaí sé iontu chuile chineál dul chun cinn. Amen.

Croitheadh an Uisce Choisricthe
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh,
Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Amen.

An Chéad Chomaoineach



Scoil an Chnoic

Ó Chlé - Ar chúil: An tAth. Micheál Ó Flannabhra, Traolach Ó Conghaile.

Sa lár: Fáinche Ní Fhoighil, Clíona Ní Fhlannaire, Tiffany Ní Choisdealbha, Áine Bhreathnach, Rebecca Ní Chualáin, Amy Bhreathnach, Caroline Ní Chonaire, Anna Ní Odráin-Ní Mhurchú, Éimear Ní Bhiadh, Sophia Ní Loideáin.

Chun tosaigh: Rónán Ó Curraoin, Micheál Ó Longáin, Iain Ó Nuanáin, Aaron Bollustrom, Eoin Ó Céidigh, Cian Ó Conghaile, Colm Ó Conghaile, Tadhg Óg Mac Dhonnagáin.

Scoil Sailearna

An Scoil Ghaeltachta is Fearr

Dóchas sa Dúchas

Bhí an-bhliain go deo againn arís anuraidh i Scoil Sailearna agus ba é buaicphointe na bliana é nuair a bronnadh an gradam “Scoil Ghaeltachta is Fearr” orainn ag an bhféile Náisiúnta Scoildrámaíochta. D’éirigh thar barr linn ag an bhféile Scoildrámaíochta freisin.

Ag Oireachtas na Gaeilge a bhí ar siúl i nDoire Cholmcille faoi Shamhain ghlac ocht nduine dhéag de ghasúir na scoile as Rang a 5 agus Rang a 6 páirt i gcomórtas na n-agallamh bheirte faoi 12 agus faoi 15. Bhí cuid de na gasúir os cionn an dó dhéag agus b’éigean dóibh sin a bheith san iomaíocht in aghaidh gasúir mheánscoile sa gcomórtas faoi 15. Mar sin fhéin d’éirigh thar cionn linn sa dá chomórtas.

Bhuaigh Dónall Mac Aodha Bhuí agus Ciana Ní Churraoin an chéad áit Faoi-12 leis an agallamh beirte “Staidéar” le Joe Steve Ó Neachtain agus bhuaigh Róisín Ní Chonghaile agus Loretta Ní Challanáin an chéad áit Faoi-15 leis an agallamh céanna!

Go hÁitiúil

Ag an bhféile áitiúil i dTaibhdhearc na Gaillimhe bhí cúig rang ar fad as an scoil ag glacadh páirte:

- Naíonáin Mhóra agus Rang a hAon leis an dráma “Cearc an Phrompa”, faoi stiúir na múinteoirí Róisín Ní Loinsigh agus Muirghin Creamer.
- Rang a Dó leis an dráma “Craobh an Chontae”, faoi stiúir an mhúinteora Traolach Ó Conghaile.
- Rang a Cúig leis an dráma “Lá Saoire”, faoi stiúir an mhúinteora Mairéad Ní Dhroighneáin.

- Rang a Sé leis an dráma “10 mBlíana ag Fás”, faoi stiúir an mhúinteora Brian Ó Gibne.

D’éirigh thar cionn le chuile dhráma! Fuair “Cearc an Phrompa,” “Lá Saoire” agus “10 mBlíana ag Fás” an chéad áit ina rannóg fhéin. Fuair Rónán Ó Curraoin an t-aisteoir is fearr mar an “seanleaid” in “Craobh an Chontae” agus fuair Rónán Mac Donnacha an t-aisteoir is fearr mar “Hector” sa dráma “10 mBlíana ag Fás.”

Connacht agus Náisiúnta

Fuair chuile dhráma acu sin thuas ainmniúchán le ghabháil ar aghaidh chuig an bhféile Cúige. Ag an bhféile Cúige fuair “Cearc an Phrompa”,

Craobh an Chontae agus fuair “10 mBlíana ag Fás” ainmniúchán le páirt a ghlacadh sa bhféile Náisiúnta a bhí ar siúl sa Muileann gCearr.

D’eagraigh Coiste na dTuismitheoirí bus agus bhí lán bus de lucht tacaíochta in éineacht linn suas chuig an bhféile. Bhí an-lá go deo againn thuas ann agus thug an moltóir an-suntas den tacaíocht a bhí ann ó thuismitheoirí na scoile. B’iontach an t-údar mórtais agus bróid é nuair a bronnadh an gradam “Scoil Ghaeltachta is Fearr” orainn agus b’iontach go deo an chreidiúint do mhúinteoirí na scoile é i ndáiríre agus ar ndóigh do na gasúir iad fhéin!

Seó sa Seanscoil



Scoil Sailearna ar an gCnoc.

Coineartú 2007



Ó Chlé – Líne cúil: Fearghas Mac Lochlainn, An tAth. Micheál Ó Flannabhra S.P., Dominic Mac an Rí, Cian Breathnach, Ruadhán Ó Béarra, David Ó Fátharta, Máirtín Ó Scanláin, Colm Ó Conghaile, Brian Ó Gibne.

Sa lár: Ciarán Ó Cadhain, Ferdia Mac an Rígh, Maidhc Ó Conghaile, Éinne Ó Beoláin, Rónán Mac Donnacha, Ciarán Ó Conghaile.

Sa tosaigh: Sinéad Ní Longáin, Natasha Ní Ghamhnáin, Darine Ní Challanáin, Róisín Ní Chonghaile, Loretta Ní Challanáin, An tArdeaspag Micheál Ó Néaraigh, Rachel Ní Niadh, Emer Ní Chonghaile, Annie Ní Chonghaile, Órla Ní Bheoláin.

Chuir Rang a 6 an-deireadh leis an mbliain le seó iontach i Seanscoil Shailearna faoi stiúir an mhúinteora Brian Ó Gibne.

Bhí idir ghasúir Ranga 6 agus aíonna áitiúla speisialta ag glacadh páirte sa Seó seo mar a bhíonn chuile bhliain. I measc na n-aíonna bhí Páidí Breathnach ar an gcairdín, Máire Pheter Ní Dhroighneáin agus stéibh d'amhrán aici, Jimí Chearra ag scéalaíocht, Patricia Ní Fhátharta ag damhsa ar an sean-nós agus beirt iarscoláirí, Dariona Nic Dhonnacha agus Kayla Nic Dhonnacha agus iad i mbun agallaimh bheirte.

Chuaigh na haíonna i bhfeidhm go mór ar na gasúir agus go deimhin fhéin bhí chuile dhuine an-tógtha le gasúir Rang a 6 freisin. Rinne na gasúir agallaimh bheirte, damhsa ar an sean-nós, damhsa na scuaibe agus damhsa hip-hop. Chas siad dreas ceoil agus chasadar cúpla amhrán iad

fhéin freisin. Rinne siad radharc amháin as an dráma a bhí acu sa bhféile Scoildrámaíochta.

D'aithris Éinne Ó Beoláin dán "An Sruthán Buí" - dán a chum a Dheaidé, Meáirt Ó Curraoin. Bhí an-oíche go deo ann agus bhain chuile dhuine an-sásamh go deo aisti.

An tOireachtas

Arís i mbliana, tá dlús curtha againn sa scoil le feachtas dearfach leis na gasúir a spreagadh, a mhealladh agus a ghríosadh ó thaobh labhairt na Gaeilge dhe. I mbliana beidh fiche gasúr ón scoil ag glacadh páirte in Oireachtas na Gaeilge a bhéas ar siúl i gCathair na Mart.

Gan dabht beidh muid ag glacadh páirte sa bhféile Scoildrámaíochta arís freisin.

Ach mar a deireannas muid leis na gasúir i gcónaí, 'sí an teanga an rud is tábhachtaí ...

An Ghaeilge

Cén mhaith a bheith ag buachtáil duaiseanna le drámaí nó le hagallaimh beirte i nGaeilge má tá muid ag iompú ar an mBéarla taobh amuigh?! Mura labhraíonn muid an Ghaeilge anois cé a bhéas ann faoi cheann scór blianta leis na hagallaimh agus leis an saibhreas teanga atá iontu a thuiscint agus le spraoi a bhaint astu?

Tá na gasúir ag braith ar threoir agus ar dhea-shampla na ndaoine fásta agus tá muid ann len é sin a thabhairt dhóibh. Lena gceart a thabhairt dhóibh tá na gasúir iad fhéin thar cionn. Gan dabht tá chuile údar againne anseo i nDúiche Shailearna a bheith mórálach agus muiníneach as an aos óg maidir le caomhnú an chultúir agus na teanga dhe. Mar a dúirt an fear fadó: "Mol an Óige agus tiocfaidh sí!"

Fearghas Mac Lochlainn

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Mórán pobal - fócas coitean

Tá sé d'aidhm ag an Roinn tacú le Pobail ar fud na tíre agus iad a chothú le linn dóibh bheith ag díriú ar a bhforbairt féin.

Príomhfheidhmeanna na Roinne

Forbairt na Gaeltachta agus na nOileán agus polasaí na Gaeilge

Forbairt na Tuaithe, CLÁR, LEADER agus Scéim Shoisalta na Tuaithe san áireamh

Cláir Fhorbartha Áitiúla agus RAPID

Comhordú na Straitéise Náisiúnta Drugaí

Cláir thacaíochta don Fhorbairt Phobail, Cuntais Dhíomhaine, Rialáil Cathanachtaí agus

Tacaíocht don Ghníomhaíocht Dheonach





An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Baile Átha Cliath Fón: 01-6473000
Facs: 01-6473051

Gaillimh Fón: 091-592555
Faics: 091-592595

Sligeach Fón: 071-9186700
Facs: 071-9186750

Láithreán Geéasáin: www.pobail.ie
Ríomhphost: eolas@pobail.ie



An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
091 595520 Fón
091 595524 Faics
nuacht@foinse.ie r-phost

*Ar fáil sna siopaí
gach deireadh seachtaine*



Forbairt Scoil Sailearna

Bhí cruinniú in oifig na Roinne Oideachais, i dtús na bliana, idir ailtirí agus innealtóirí na Roinne agus na Scoile in éineacht le ionadaí ó B.O.M. na Scoile leis an bplean deireannach d'fhorbairt na scoile a phlé. Tá na hathruithe sa bplean agus an gearradh siar a mhol ailtirí agus innealtóirí na Roinne uilig déanta agus curtha ar aghaidh le dhá mhí agus táimid ag súil le toradh maith ón gcruinniú.



Tá 12 sheomra nua agus leabharlann le cur leis an scoil chomh maith le háit pháirceála do charranna ó thuaidh den scoil agus dhá chuairt leadóige agus cispheil do na gasúir scoile. Tá sé i gceist an obair uilig a dhéanamh i dtrí sheal:

- **An bóithrín ó thuaidh agus áit pháirceála le cúirteanna leadóige a dhéanamh ar dtús.**
- **An obair thógála timpeall halla na scoile a dhéanamh ina dhiaidh sin, 'fhad is a bhéas seomraí na seanscoile, chomh maith le roinnt seomraí réamhdhéanta, á n-úsáid mar sheomraí ranga.**
- **Nuair a bhéas na gasúir scoile aistrithe isteach sna seomraí nua tosófar ar an bhforbairt atá riachtanach san seanscoil féin.**

Beidh costas thart ar €2,000,000 ar an bhforbairt seo agus chomh luath agus a bhéas na costais uilig socraithe beidh

muid in ann a fhógairt cén sciar de chostas áitiúil a bhéas le bailiú againn. Gasúir óga an phobail a bhéas ag baint tairbhe as an bhforbairt nua agus tá súil agam go mbeidh cúnamh le fáil lena aghaidh sin ón bpobal. Ar fhaitíos go mbuailfeadh an lagmhisneach tuismitheoirí na ngasúr, cuimhnigh gur bhailigh Pobal na Tulaí €40,000 in aon iarracht amháin ag rásaí na gcúití i nGaillimh. “Níor chlis ar fhear an mhisnigh riamh”.

Tá sé i gceist chomh maith, le cúnamh ó Choiste na nÓg, páirc imeartha agus Pinniúr Láimhe a thógáil ar thalamh na Deoise ó thuaidh den scoil ar mhaithe le haos óg an phobail.

Pleannanna den fhorbairt ar lth 50, 51

Duaiseanna Ghlór na nGael

Bhí ócáid mhór i Seanscoil Sailearna ar an 3 Márta, 2007 nuair a bronnadh príomhdhuaiseanna Ghlór na nGael don bhliain 2006. I measc na n-aíonna a bhí láthair bhí an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív; An Dr. Máire Ní Anracháin; Éamonn Ó hEargáin agus Lorcán Mac Gabhann. Paróiste an Chnoic a bhain amach príomhdhuais Ghlór na nGael 2006 agus bhronn an tAire Ó Cuív €40,000 agus trófaí Ghlór na nGael ar Chathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige, a ghlac iad thar cheann an pharóiste.



Bronnadh an Trófaí: An tAire Ó Cuív, Seán Ó Raighne, Éamonn Ó hEargáin agus An Dr. Máire Ní Anracháin.



Cumann Forbartha Chois Fharraige 2007

Ina seasamh, ó chlé, Pádraic Willie Ó Fatharta; Máirín Mhic Risteaird; Jimí Joe Shéamais Ó Fatharta; An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D.; Máire Áine Ní Fhlatharta; Morgan Ó Conchubhair; Patricia Ní Chonghaile; Art Mac Risteard agus Nóirín Bheilbigh, Ghlór na nGael.

Ina suí, ó chlé: Seán Ó Tuairisg; Máire Denvir; Seán Ó Raighne, Cathaoirleach; An tAth. Micheál Ó Flannabhra, S.P.



Bronnadh ón Aire.



Bronnadh ar an Aire.



Ag éisteacht go hairreach.



An slua ag bailiú.

COMHGHAIRDEAS



Gearóid Ó Fátharta, Na hAille; Áine Ní Chonghaile, Coill Rua agus Seosamh Ó Conaire, Lochán Beag a fuair a dteastas múinteoireachta don scoile náisiúnta i mbliana.



An grúpa *Aerach* a bhí páirt sa gcomórtas *Glór Tíre* ar TG4 i mbliana: Mike Ó Scanláin, Siobhán Ní Mhaoileoin agus Aodhán Ó Maoileoin.

Ealaín Bheo!

An Chéad Sheachtain Ealaíne agus Oidhreacht i Scoil Sailearna

Chuir Joe Steve Ó Neachtain tús le ‘Ealaín Bheo’ ar an 28 Bealtaine i Scoil Sailearna ag rá gur cúis bróid dó an méid drámaíochta, damhsa, cheoil agus cumadóireachta atá ar siúl sa scoil. Is í Scoil Sailearna an bhunscoil is mó i nGaeltacht Chonamara agus í suite sa bparóiste is bríomhaire agus is gníomhaí sa tír ó thaobh teanga, cultúir agus oidhreacht de.

Tá an t-ádh ar dhaltaí na scoile go bhfuil siad sáite i dtimpeallacht shaibhir chultúrtha ag baile, ar scoil agus sa bpobal (i.e. ceol, damhsa, drámaíocht, amhránaíocht, ealaín, ceardaíocht, spórt agus araile).

Tá a thoradh seo le sonrú chuile bhliain ag Oireachtas na Gaeilge agus ag an bhFéile Náisiúnta Scoildrámaíochta, áit a bhfuil go leor leor duaiseanna agus gradaim bainte amach ag daltaí na scoile. I 2006 bhuaigh gasúir na scoile an chéad áit faoi-13 agus faoi-15 le hagallaimh bheirte ag Oireachtas na Gaeilge agus bhain siad amach an onóir “Bunscoil Ghaeltachta is Fearr” ag an bhFéile Náisiúnta Scoildrámaíochta áit a raibh ceithre rang ón scoil ag glacadh páirte tar éis dóibh buachtáil agus dul thríd ó Fhéile na Gaillimhe ar dtús agus ina dhiaidh sin ag Féile Chonnachta. Is iontach go deo an chreidiúint agus an t-údar bróid é sin don phobal áitiúil.

Leis na spriocanna seo ar intinn againn, d’eagraigh Coiste na dTuismitheoirí Seachtain Ealaíne & Oidhreacht den chéad uair i mbliana i Scoil Sailearna ón 28 Bealtaine – 1 Meitheamh. Tá muid den tuairim go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbeadh tuismitheoirí na scoile iad fhéin gafa, gníomhach agus lárnach ag cur chun cinn na teanga agus an chultúir le go mbeadh sí beo agus bríomhar don

chéad ghlúin eile.

I measc na n-imeachtaí éagsúla a



Joe Steve Ó Neachtain

eagróidh bhí ceardlanna scríbhneoireachta agus ealaíne, seisiúin sna seomraí ranga, ceolchoirmeacha, taispeántais agus araile. Daoine ón bpobal, tuismitheoirí, iarscoláirí agus a leithéid a bhí ar chuid d’aíonna na seachtaine mar aon le roinnt aíonna mór le rá eile. I mbliana cuireadh béim ar Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht i nGaeilge

Ghlac an scoil páirt san Tionscnamh Scríobh Leabhar Gaeilge a d’eagraigh Bord na Leabhar Gaeilge agus COGG. Bhí go leor gnéithe den chultúr á gclúdach i

gcaitheamh na seachtaine agus bhí imeachtaí ann do chuile aois-ghrúpa, do chuile spéis agus do chuile chumas. Ina measc na ngnéithe sin bhí:

Scéalaíocht le Joe Steve Ó Neachtain
Scríbhneoireacht le Colman Ó Raghallaigh, Eoghan Mac Giolla Bhríde, Áine Ní Ghlinn agus Gwyneth Wynn Uí Ghaora


Na hAmharcealaíona (Péinteáil agus déanamh mionsamhaileacha) le Ursula Murry

Damhsa ar an sean-nós le Seosamh Ó Neachtain

Ceol agus amhránaíocht le Tadhg Mac Dhonnagáin

Drámaíocht le Branar

Fuair muid an-tacaíocht ó Chumann Forbartha Chois Fharraige agus ó Údarás na Gaeltachta. Beidh Ealaín Bheo II ar siúl sa scoil ón 3-7 Marta 2008!!!



Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Chois Fharraige

Tá dul chun cinn maith déanta go dtí seo ar fhoirgneamh Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Chois Fharraige atá ar chúl Shéipéal an Chnoic. Tá an t-ionad á thógáil faoi scáth Thionscnamh Pleanála Teanga Chomharchumann Shailearna. Tá a leithéid thar a bheith riachtanach sa lá atá inniu ann, mar a léirigh an Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, a d'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Dar leis an staidéar áirithe sin, tá “dúshlán fadtéarma le sárú ag na pobail sin ina bhfuil an Ghaeilge fós ina príomhtheanga pobail”.



An chéad bhealach isteach

Deir Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach an Tionscnaimh Pleanála Teanga, go n-aithnítear go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú sa cheantar de bharr na n-athruithe sóisialta atá tarlaíthe le roinnt blianta anuas. “Caithfear seirbhís tacaíochta teanga a chur ar fáil sa réimse is tábhachtaí ar fad don teanga – réimse an teaghlaigh. Caithfear dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí faoin rogha atá le déanamh acu

maidir le teanga an teaghlaigh.”

Cuirfidh an t-ionad tacaíocht speisialta ar fáil do thuismitheoirí ar cainteoirí dúchais iad atá ag iarraidh Gaeilge a labhairt lena gclann, chomh maith le teaghlaigh atá tar éis bogadh isteach nó filleadh ar an gceantar, agus atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge. Chomh maith leis sin, tabharfar cabhair do lánúineacha, a bhfuil Gaeilge

ag tuismitheoir amháin, chun an Ghaeilge a úsáid mar theanga teaghlaigh.

“Beidh seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta teanga ar fáil san ionad agus beidh deis ag tuismitheoirí agus teaghlaigh an cheantair teacht le chéile agus aithne a chur ar a chéile trí Ghaeilge,” a dúirt Nic an Ultaigh. “Beidh seirbhísí chuimsitheach luathoideachais agus cúraim leanaí trí Ghaeilge ann. Tá seirbhís dá leithéid ina cuid thar a bheith tábhachtach d’infreastruchtúr sóisialta, oideachais agus pleanála teanga an phobail.”

Foirgneamh dhá stór a bheidh san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh agus, chomh maith leis an naíolann agus an naíonra, beidh spás ann do sheirbhísí tar éis scoile, chomh maith le clubanna léitheoireachta, ceardaíochta, spraoi agus ceoil. Beidh spás san fhoirgneamh freisin do sheirbhísí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chomh maith le spás oifige agus riaracháin agus páirc spraoi taobh amuigh. Meastar go mbeidh ar a laghad 20 duine fostaithe go lánaimseartha nuair a bheidh an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh faoi lán seoil.

“Go bunúsach, tá muid ag



Ag breathnú ó thuaidh

iarraidh cabhrú le teaghlaigh an Ghaeilge a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile,” dar le Nic an Ultaigh. “Chun é sin a dhéanamh, caithfear a bheith ag cuidiú le tuismitheoirí fiú sula dtagann an páiste ar an saol. Beidh seirbhísí comhtháite ar fáil san ionad chun díriú ar an aoisghrúpa ó ‘réamhbhreith’ go haois bunscoile. Beidh na seirbhísí ar fad atá i gceist faoin aon straitéis

amháin san ionad. Léirigh an staidéar teangeolaíoch, a d’fhoilsigh an Roinn le déanaí, an ghéarchéim atá ann faoi láthair agus an gá atá le caomhnú na Gaeilge, go háirithe sna ceantair sin is mó ina bhfuil sí faoi bhrú. Cuideoidh an t-ionad nua seo go mór le saibhriú agus le treisiú na Gaeilge i gceantar Chois Fharraige.”

Beidh an t-ionad á oscailt i mí Mheán Fómhair 2008.



An Poitín Stíl

Tigh Phádraig Joe Joe Mac an Iomaire

An Lochán Beag, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe

Tá Míle Fáilte Romhat!

Fón: 091-593114



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway



Tapailgh do dhéile othain oirce
oéime a dhéanamh le hAacadamh
na hOllscoilaíochta Gaeilge,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Seo é do sheans!

ACADAMH
na hOllscoilaíochta Gaeilge

Is aonadach léinn-Gaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é aonadach na hOllscoilaíochta Gaeilge

Cúrsaí Céime

- GY106
B.A. (Cumarsáid)
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
- GY107
B.A. (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin)
OÉ Gaillimh
- GY108
B.A. (Riarachán Gnó)
Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
- GY101
Léann an Aistriúcháin
(Ullar de chuid an B.A. Omnibus)
OÉ Gaillimh

Déanfá dhá mhíle gáisce le dhéile

Tuilleadh eolais le fáil ó:
Eirí Seáige
Aonadach na hOllscoilaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Fón: +353 (0) 91 495302
R-phost: uidh.oidge@oigallimh.ie

Charity You're a Star 2007

Seán Bán Breathnach

Imo sheasamh taobh amuigh de Ródaí RTÉ/Raidió na Gaeltachta ag Féile Willie Clancy i Sráid na Cathrach a bhí mé nuair a bhuail mo fón póca agus chuir bean le glór milis binn ceist orm an mbeinn sásta páirt a ghlacadh sa chlár teilifíse, *Charity You're a Star 2007*. Shíl mé cinnte gur ag stealladh mhagadh fúm a bhí sí, mar tá 'fhios ag an saol mór nach bhfuil nóta i mo cheann, ach de réir mar a lean an comhrá ar aghaidh agus gur chas mé véarsa den *Yellow Submarine* di, dúirt sí nach raibh cailleadh ar bith orm agus nuair a bheadh banna ceoil i mo thionlacan go mbeinn thar barr !

Coicís ina dhiadh sin, bhí Seán Bán bocht i mBaile Átha Cliath agus gan aon teacht as agam go dtí gur chinn an lucht féachana deireadh a chuir le m'aistear.

Roghnaíodh an *Carers' Association* mar charthanacht dom toisc go raibh baint agam leo le tamaill roimhe sin agus níorbh fhada go raibh an seó ar an mbóthar!

Is cuimhin liom go maith an chéad uair a rinne mé cleachtadh leis an mBanna Ceoil, chas mé an chéad véarsa d'amhrán Val Doonican, *Walk Tall*, agus stop an banna ag casadh. Chuir mé ceist orthu cad a bhí mícheart agus phléasc siad amach ag gáire. "Nach bhfuil mé chomh maith le John Aldridge buaiteoir na bliana seo caite?", arsa mise, agus is é an freagra a fuair mé ná, i gcomparáid liomsa bhí John Aldridge ina Phaverotti!

An tráthnóna sin chuir siad airgead orm sna geallghlacadóirí go mbeinn sa mbabhta ceannais agus dúirt siad liom sé amhrán a roghnú agus a chur de ghlanmheabhair. Ba í mo sheanchara Twink a bhí mar chomhairleoir ceoil (!) agam agus nuair a chuala sí *Will You Go Lassie Go* agus *Chirpy Chirpy Cheep Cheep* á chleachtadh agam chuir sí fios ar ghloine bhranda agus mhol sí domsa fios a chuir ar an gcuid eile den bhuidéal! Ach ní raibh aon dul as agam faoin am sin ach treabhadh liom. Bhí tacaíocht iontach á fháil agam ón *Carers' Association* ar fud na tíre agus ní fada go raibh feachtas mór ar bun acu.

Bhí sceitimíní orainn go léir an

chéad oíche agus sinn ag fanacht le dul ar stáitse beo os comhair leath mhilliúin duine agus níos measa fós aghaidh a thabhairt ar Bhrendan Mór O'Connor agus a chairde. Bhí mise ag súil go mbeinn ag dul abhaile ach leis an íde béil agus an sciúirseáil a fuair mé ó na moltóirí ghlac daoine trua dom agus ba é Brendan Courtney a d'imigh uainn an oíche sin.

Sin mar a bhí ar feadh an ama, na moltóirí ag tabhairt fúm agus pobal na hÉireann ag vótáil chun mé a choinneáil istigh. Bhí uaireanta ann ar ghoill cuid de na rudaí a bhí á rá agus na tuairimí a bhí á nochtadh ag na moltóirí (agus daoine nach iad) orm, ach fuair mé an oiread sin glaonna agus téacsanna agus cártaí agus tacaíocht nár chaill mé mo mhisneach riamh.

Ní raibh sé éasca focail na n-amhráin a fhoghlaim, ach bhí an deacracht chéanna againn go léir agus thugamar misneach agus spreagadh dá chéile idir óg agus aosta, mainicíní agus rósanna, lucht spóirt agus lucht teilifíse agus ar ndóigh foireann an chláir.

Bhí na daoine go léir a bhí páirteach sa chlár liom go hálainn ar fad, daoine uaisle a roinn a gcuid ama go fial ar son na gcartanachtaí go léir. Ba mhaith liom míle buíochais a ghlacadh le chuile dhuine a thug tacaíocht dom le linn an chomórtais agus a chuidigh liom os cionn €80,000 a bhailiú ar son *The Carers Association*. Ní dócha go gcloisfear Seán Bán ag casadh amhráin go poiblí go brách arís, ach é sin ráite ná cuir as an áireamh mé do Chorn Uí Riada 2008!



Twink agus Seán

Comórtas Liteartha an Údaráis



Siobhán Ní Chonghaile, Deirdre Seoige, Gráinne Ní Bheoláin, Yvonne Ní Churraoin, Ríoghna Ashford.



Diarmuid Ó Finneadha, Aonghus Ó Flatharta, Louis de Paor, agus Leon Mac Lochlainn.

Ar dheis:
Donncha Ó hAinmhire,
Laoise Ní Fhaithearta,
Orla Ní Fhinneadha.



Ar chl :
Niamh Seoige, Geartr d Mhic
Con Iomaire agus Muireann N 
Chadhain.

Th os:
Slua Buateoir  agus daoine eile.



Tórramh san Iarthar



Cumann Drámaíochta

Chois Fharraige

Tháinig Cumann Drámaíochta Chois Fharraige le chéile arís i mbliana leis an dráma *“Tórramh san Iarthar”* le Michael Joe Ginneely, aistrithe go Gaeilge ag Seán Ó Raighne agus Bridie Ní Churraoin. Tháinig baill an Chumainn le chéile mí na Samhna 2006 le tús a chur le cleachtadh an dráma. Shocraigh muid spriocdháta go mbeadh muid ar an stáitse roimh dheireadh Eanáir 2007, rud a d’fhág go raibh go leor oibre le déanamh idir an dá linn. Le linn na bliana chuir muid an dráma ar siúl os comhair tithe lán sna hionad seo a leanas:-

Dáta

Aoine, 26ú Eanáir ‘07
Dé Sathairn, 27ú Eanáir ‘07
Domhnach, 28ú Eanáir ‘07
Dé Sathairn, 10ú Feabhra ‘07
Dé Domhnaigh, 11ú Feabhra ‘07
Dé hAoine, 2ú Márta ‘07
Dé Domhnaigh, 18ú Feabhra ‘07
Dé Domhnaigh, 6ú Bealtaine ‘07
Dé Sathairn, 9ú Bealtaine ‘07
Dé Domhnaigh, 10ú Bealtaine ‘07

Ionad

Amharclann Chois Fharraige
Amharclann Chois Fharraige
Amharclann Chois Fharraige
Halla Pobail Leitir Mealláin
Halla Pobail Leitir Mealláin
Amharclann Chois Fharraige
SN Mhic Dara, An Cheathrú Rua
Áras Mac Dara, An Cheathrú Rua
Taibhdhearc na Gaillimhe
Taibhdhearc na Gaillimhe

Bhí foireann mór ag an gCumann arís i mbliana, idir aisteoirí, lucht cúil stáitse, soilsiú, lucht an dorais agus dearthóirí seite.

An Chliar

Tomás Ó hÉalaithe	Máirtín Ó Dubhghaill
Dr. John	Micheál Ó Gríofa
Mary (<i>iníon an mharbháin</i>)	Máirín Mhic Lochlainn
Joan (<i>comharsa béal dorais</i>)	Margaret Ní Cheannabháin
Maggie (<i>comharsa béal dorais</i>)	Bridie Ní Churraoin
Rose (<i>comharsa béal dorais</i>)	Máire Ní Mháille
Martin (<i>mac an mharbháin</i>)	Colman Seoighe
Barney (<i>pósta le Maggie</i>)	Coilimín Joe Mac Donnacha
Fr. Cassidy	Joe Ó Scanláin

Léiritheoir:

Dearthóir Seite:

Tógálaithe Seite:

Raighne

Bainisteoirí Stáitse:

Frapaí:

Fuaim:

Soilsiú:

Seán Ó Raighne
Danny Wallace
Danny Wallace & Seán Ó

Brigid Breathnach
& Caibrini Ó Tuairisg
Brigid Breathnach
& Caibrini Ó Tuairisg
Séamas Ó Scanláin
Gearóid Breathnach

Smidiú:

Cúltaca:

Fáilteoirí:

Scanláin

Córas Iompar:

Clár:

Póstaer:

Camilla Uí Cheallaigh
& Katie Breathnach
Caibrini Ó Tuairisg
Jean Uí Fhátharta & Sara Uí

Marty Lee & Stiofán Lydon
Bridie Ní Churraoin
Seán Ó Raighne

D’éirigh thar barr leis an dráma seo mar a léiríonn an léirmheas seo a rinne Bridget Breathnach agus a foilsíodh i FOINSE ar an 11 Feabhra 2007.

“Amanntaí is ardmholadh atá sa teideal “dráma pobail” ach go háirithe más ag tagairt do léirithe Chumann Drámaíochta Chois Fharraige atáthar. Dráma pobail go smíor é Tórramh san Iarthar a labhraíonn linn sa teanga a thuigeann muid uilig – an greann”

Tá cuireadh faighte ag an gCumann an dráma a léiriú i Inis Oírr, in Inis Meáin, i gCill Chiaráin agus i Maigh Eo an chéad bhliain eile agus d’fhéadfadh sé freisin go mbeadh muid ag dul trasna an Atlantaigh fós ó tharla cuireadh a bheith faighte againn ó Ionad Oidhreacht Portland Maine!!!!

Bridie Ní Churraoin
Rúnaí an Chumainn

Rós Deiligneach

2007





Oíche áirithe ag tráth rúnda den bhliain, eagraíodh ócáid bhronnta agus grinn a tharraing caint agus gáire i gcuid mhaith cúinní.

Le linn na hócáide, bhronn an Cumann Forbartha seit geansaithe ar an bhfoireann sinsir peile agus ar a shon sin thug cuid de “mhná scéimhiúla” an cheantair taispeántas stíle, damhsa agus téisiúlachta narbh fhacthas a mhacasamhail le fada an lá.

Sa réabadh ar fad bhí sé deacair a dheimhniú cé acu go díreach a bhain amach gradam mór na hoíche – An Rós Deiligneach – ach leis an ngáire ar fad, bhí sé tuillte ag a bhformhór as an iarracht a chuir siad isteach san oíche.

Seo cuid de na pictiúir a tógadh an oíche sin. Fágfar na hainmneacha fúibh féin.

To Russia With Love

Máirtín Ó Dubhghaill

Nollaig 2002, thug mé cuairt ar an dílleachtlann in Hortolova den chéad uair. Tá an dílleachtlann suite gar do réigiún Bryansk na Rúise, 300 míle siar ó dheas ó Mhoscó. An chéad radharc a fuair mé ar Hortolova, ag a 5.00 ar maidin – bhí sé ar nós *Winter Wonderland*: Brat bán sneachta! Bhí an teocht -15°C an mhaidin úd (téann sé síos go dtí -35° scaití sa gheimhreadh). Chaith mé coicís i measc na ngasúr - ag spraoi sa sneachta agus ag déanamh ceoil. Bhí sé thar a bheith deacair imeacht uathu tar éis na coicíse sin.

Bhunaigh Debbie Deegan, bean phósta as Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath, an charthanacht “*To Russia With Love*” (TRWL) i 1997 chun cúnamh a thabhairt do na dílleachtaí i Hortolova. Tá 165 gasúr sa dílleachtlann seo atá suite istigh i lár foraoise (aois na ngasúr 7 mbliana – 17 mbliana). Tá dílleachtlann eile do leanaí óga (1 bhliain – 6 bliana) i mBryansk faoina cúram freisin.

Nuair a bhailíonn na gasúir 17 mbliana, bíonn orthu an dílleachtlann a fhágáil. Go dtí gur tháinig TRWL ar an láthair bhí ar na gasúir seo a mbealach féin a dhéanamh sa saol nuair a d’fhágaidís Hortolova. Ach anois tugann TRWL deis dóibh freastal ar cholaiste 3ú leibhéal i mBryansk. Tá 4 bhrú acu agus féadfaidh na scoláirí fanacht iontu sin an fhaid is atá siad ag freastal ar an

gcolaiste. Tá duine fásta fostaithe a bhreathnaíonn amach dóibh ag cur béilí ar fáil agus a threoraíonn iad lena gcuid staidéar. Ó tosaíodh ar an scéim seo tá os cionn scór buachaillí agus cailíní tar éis céim a bhaint amach (tiománaithe traenach, leictreoirí, siúinéirí, srl.) agus iad fostaithe i mBryansk agus i Moscó. Coinníonn a bhformhór sin i dteagmháil leis an dílleachtlann. Nuair a bhíonn saoire acu tagann siad ar ais go minic agus caitheann siad am leis na gasúir óga i Hortolova.

Fuair mé deis dul ar ais ann i samhradh na bliana anuraidh, 2006. Bhí mé an-sásta filleadh ar an áit. Bhí fear as Sligeach in éineacht liom agus thóg muid Clós Spraoi do na gasúir (chuile shórt déanta as adhmaid a gearradh de na crainn atá timpeall ar Hortolova). D’eagraigh Cumann Drámaíochta Chois Fharraige oíche mhór cheoil agus craic Tí Mholly agus cruinníodh breis agus €3,000 ó mhuintir Cois Fharraige. Nár laga Dia sibh! Leis an airgead sin, ceannaíodh uirlisí ceoil agus fearais caitheamh aimsire chomh maith le fearais ranga.

Rinne siad an t-éacht céanna arís i samhradh na bliana seo. Tháinig slua anoir, aniar agus aduaidh chuig Tí Mholly ar an 6ú lá de mhí Iúil agus bailíodh €1,250 ar an oíche. Bhí Maidin Chaife ag Máire Bean Uí Chonchubhair agus a cairde ag an Spidéal agus bhailigh siad €800, ceann eile ag Caitríona Uí Bhéarra (€370), agus ceann eile ag Nuala Nic Dhonnchadha agus a cairde i mBruach na Mara (€400). Nuair a cuireadh síntiúis phríobháideacha eile ó mhuintir Chonamara san áireamh bhí €4,622 agam le tabhairt amach go dtí Hortolova ar an 24ú Iúil. Caitheadh an t-airgead ar fhearais chaitheamh aimsire don seomra nua a tógadh anuraidh, Bord Púil, liathróidí, cluichí boird, uirlisí ceoil, srl.

Agus muid amuigh ann an turas seo, chuidigh muid leis an obair athchóirithe a bhí á dhéanamh ar sheomraí codalta na mbuachaillí agus chuidigh an t-airgead a tháinig ó mhuintir Chois Fharraige go mór leis an obair seo. Tá feabhas íontach tagtha ar an bhfoirgneamh le blianta beaga anuas le hais mar a bhí sé: seomraí codlata agus leithris nua ag na buachaillí agus do na cailíní, tá seomra nua “Scileanna Saoil” tógtha, áiseanna ranga ar nós ríomhairí, teilifíseáin agus fearais spóirt.

Thosaigh muid ar thionscnamh eile agus mé amuigh ann, sin teach gloine a réiteach agus a phlandáil. Bhí díon nua le cur air, píopaí uisce nua a leagan síos, urláir nua agus araile. Cé go raibh ualach plandaí agus bláthanna de chuile chineál tugtha amach agam (a bhuíochas sin do Charoline Ní Fhrighil) níor éirigh liom iad a chur i gcráfóg mar gheall ar mhoill leis an obair



Bríd Uí Thuathail, Máirín Puirseál, Máirín Mhic Giolla Bhríde agus Winnie Uí Mháille.



Chun tosaigh, tá Ruairí Mac an Iomaire, Bríd Bleasdale, Fil Uí Dhubhghaill, Cárthach Breathnach agus Bridie Mhic Cormaic. Ar chúl: Michael Tim Ó Conghaile agus Andy Bleasdale.



Máirtín agus a chairde,

thógála. Ach tá sin déanta anois agus tá mé ag tnúth leis na plandaí agus na bláthanna sin a fheiceáil faoi bhláth san athbhliain!

Chaith mé cuid mhaith den am ag spraoi leis na gasúir agus ag déanamh ceoil leo. Is breá leo an ceol agus an chraic! Tá dhá dhuine dhéag acu in ann amhrán a chasadh ar an ngiotár agus tá an fheadóg stáin ar a dtoil ag ceathrar. Na hamhráin a bhí "Top of the Pops" amuigh ann: *Jingle Bells*, *An Dreoilín*, *Hokey Pokey*, *Kalinka* agus "If You're Happy And You Know It Clap Your Hands"

Dúnann an scoil sa dílleachtlann i mí Iúil agus i mí Lúnasa agus téann cuid de na gasúir "ar saoire" chuig a gcuid gaolta. Na gasúir eile, thart ar 100 acu, nach bhfaigheann an deis sin, bíonn orthu fanacht in Hortolova ar feadh an tsamhraidh ar fad. Aistrítear na gasúir 7 mbliana d'aois ó Dhílleachtlann na Leanaí go Hortolova sa samhradh freisin. Tá sé go deas a bheith ann le fáilte a chur rompu sin agus cuidiú leo socrú síos ina dtimpeallacht nua.

Bhí mo chroí briste ag fágáil slán acu tar éis na trí seachtainí iontacha in éineacht leo, ach, le cúnamh Dé, gheobhaidh mé an deis dul ar ais arís ann. Thar ceann "To Russia With Love", glacaim buíochas ó chroí leis na daoine ar fad a chuidigh leis an iarracht seo le blianta beaga anuas. Máire, Bridie agus Cumann Drámaíochta Chois Fharraige, Peadar, Gearóid agus Cian Tí Mholly agus chuile dhuine a thug tacaíocht don bhfeachtas seo. Tá saol na ngasúir i bhfad níos fearr i ngeall ar bhur bhflaithiúlacht. Go gcúití Dia libh é!


Máirtín Ó Dubhghaill



An teach gloine agus go leor le déanamh go fóill.

Tigh Neil

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
091 593386



Luan - Sath. 8 a.m. go dtí 10 p.m.
Domh. & S.B. 9 a.m. go dtí 10 p.m.

- Siopa • Tae & Caife • Video/DVD ar Cíos • Peitreal & Díosail saor • Suimint
- Crua-earraí éadtrom • Bia Ainmhithe • Gual, Brícííní & Gás • Níochán Carranna
- Seachadadh in Aisce • Ola Téite • Alloys •

Boinn Nua & Seirbhís Ghasta
Seirbhís Deisithe Bonn

Pádraic agus Teach Mór King



Capaill na gCualán

Cheannaigh Pádraig Mháirtín Pheaits Ó Cualáin as an Teach Mór a chéad chapaillín Chonamara thart ar 12 bhliain ó shin agus ón am sin i leith tá riar acu gaite trína lámha agus é ar thóir an scoth, rud atá aige anois, de réir dealraimh.

Serrach fireann is ea *Teach Mór King* agus ar na gaiscí atá déanta aice i mbliana amháin tá na buanna seo a leanas -

Ag Seó an Chladaigh Dhuibh: An 1ú Áit i Rannóg na Serrach agus Seaimpín i Rannóg na Serrach.

Ag Seó an Chaisil: An 2ú hÁit i Rannóg na Serrach.

Ag Seó na Ceathrú Rua: An 1ú Áit i Rannóg na Serrach.

Ag Seó Bhaile Chláir: An 1ú Áit i Rannóg na Serrach agus Seaimpín i Rannóg na Serrach.

De bharr gur bhuaigh an serrach seo an chraobhchomórtas cháiligh sé don All Ireland Connemara Pony Show a bhí in Ard Mhacha sa Meán Fómhair seo caite ach níor éirigh leis an turas fada ó thuaidh a dhéanamh.



Pádraic agus an serrach
in éineacht le Sarah, Páid agus Seán.





Fathach Fir Chois Fharraige

Pádraig Ó Cearra as an Lochán Beag a bhuaigh Craobhchomórtas Crochta Meáchain an Domhain san Iodáil le gairid. Rinne sé an éacht sa réimse do dhaoine os cionn 50 bliain d'aois nach bhfuil druga nirt d'aon cineál tógtha acu, fiú na drugaí sin atá dleathach agus ceadaithe go hidirnáisiúnta. Rinne sé an beart lena spreac agus lena fhuinneamh nádúrtha féin, nár laga Dia é.

Ach ní hé amháin gur bhain Pádraig amach Craobh an Domhain lena iarracht, sháraigh sé an Sáriarracht Domhanda a bhí ann go dtí sin nuair a chroch sé os cionn 600 punt meáchain – sin go hard os cionn ceathrú tonna – leis an mbua a fháil agus Sáriarracht Domhanda nua a bhaint amach lena chois. Comhghairdeas ó chroí leat, a Phádraig, agus go mba fada buan do chuid nirt.



Seó Stáitse

Cois Fharraige 2050(téama)

Comórtas idir bhailte
ó Abhainn Bholuisce

go

hAbhainn Chroimghlinne

Rialacha agus Foirm Iontrála le fáil
ó Oifigí Chomhar Chumann Shailcarna

Cumann Forbartha Cois Fharraige / Coiste Ghloir na nGael



Cé hé an 'Star' mór a bhí páirteach sa scannán
Angela Mooney Dies Again, 1995 thart ar cheantar
Loch Goirih? Freagra ar leathanach 62.

Tearmann Éanna

Rinneadh cónascadh idir Tearmann Éanna agus Tearmann Ainnín i mbliana. Fágann an cónascadh go bhfuil 32 theach beag agus Ionad Lae faoi chúram Thearmann Éanna le freastal ar na tionóntaí agus ar Aosach an phobail. Thug Tearmann Éanna an tIonad Sláinte agus Aireagal Phóil a bhí tógtha acu – ina bhfuil naoi n-árasán do dhaoine faoi mhíchumas – don HSE le heagrú le freastal ar riachtanais an phobail. Tá mionbhus ag Tearmann Éanna chomh maith, le freastal ar riachtanais na nAosach.

Tagann an coiste deonach atá freagrach as eagrú na hoibre le chéile uair in aghaidh na míosa lena bhfuil idir lámha a leagan amach don Bhainisteoir páirtaimseartha agus dá fhoireann oibre. Tá sé de chuspóir ag an gCoiste méadú a chur ar sheirbhísí na nAosach. Tá na seirbhísí seo a leanas pléite acu:

Forbairt sláinte don Aosach
Doctúir na gCos a bheith ar fáil go rialta
Seirbhís Physio
Dochtúir na Súl a bheith ar fáil go rialta
Gruaigeadóir
Béile ar Rothaí
Leabharlann feiliúnach don Aosach
Seirbhís Níochán Éadaí
Seirbhís taistil chuig na siopaí agus araile.
Cúram na nAosach sa mbaile
Méadú a chur le feidhmiú Phobal ar Aire
Bailiú seanchais ón Aosach

Dinnéir na Nollag, turas go Cnoc Mhuire a eagrú agus araile.

Tá cuspóir agus plean leathan ag an gCoiste ach faraor ní hionann plean agus gníomh. Bhí sé de rogha ag an gCoiste deonach gearradh siar ar an bplean oibre nó méadú ar an bhfoireann oibre lena dhéanamh. Le cúnamh ó Phobal Teo., faoi chúram Roinn na Gaeltachta, tá sé i gceist ag Tearmann Éanna struchtúr nua a bhunú ina mbeidh bainisteoir lánaimseartha i dTearmann Éanna in éindigh le ceathrar eile a bheas fostaithe go lánaimseartha chomh maith le daoine ó FÁS agus ón gCoiste Sóisialta le dul i mbun na hoibre uilig i gConamara, ag freastal ar sheirbhísí na n-aosach. B'shin é an plean agus le cúnamh Dé is garr go mbeidh an plean le feiceáil mar ghníomh ar bhealach proifisiúnta, ag freastal ar riachtanais na n-aosach. "Is fearr an gaisce a mhaítear ná an gaisce nach ndéantar".

Micheál Ó Flannabhra Cathaoirleach



Na Coastguards i gCois Fharraige le linn an dara Chogaidh Mhóir

An ‘Emergency’ i gCois Fharraige

Céard é seo in uachtar an pháipéir,
A bhfuil creathadh i do láimh is tú á léamh?
Cogadh agus dúnmharú cráite –
Anois tá gach náisiún faoi réir.
Mar 'phléascfadh scail thoirnigh lá fómhair,
Nó tonn mhillteach chumhachtach ar thrá,
Is ea 'phléascfas an cogadh san Eoraip
Agus beidh sí lag lúbach dá bharr.

Sin é an cúigiú véarsa de naoi gcinn déag as ‘Lá na Fola’, ceann de na dánta is cáiliúla dár scríobh an file áitiúil Seosamh Ó Donncha nó Joe Shéamais Sheáin, é cumta aige cúig nó sé de blianta sular thosaigh an cogadh.

Sa tréimhse chorrach seo san Eoraip le linn an dara chogaidh mhóir 1939 – 1945 tá ‘fhios ag madraí an bhaile go raibh Éireann neodrach ach caithfidh tú cuimhneamh gur oileán muid. B’éigean don airm plean straitéiseach a chur le chéile leis an tír a chosaint, go mór mhór timpeall an chósta. Ní raibh áit ar bith níos oscailte, leochaileach ná sobhuailte ná Cuan na Gaillimhe taobh amuigh anseo. Bhí sé ar nós ródbhealach i ndáiríre, ina raibh idir longa paisinéirí, soithí lastais agus báid faoi thoinn ag taisteal, gan trácht ar mhianaigh bradacha ag imeacht ar strae sa sáile agus gan ‘fhios cén uair a laindeáilfeadh ceann acu ar bharr carraige nó sa snáth mara.

Ar aon bhealach, an ‘Éigeandáil’ nó an ‘Emergency’ a tugadh ar an tréimhse seo agus mar chosaint beartaíodh campaí faire a thógáil thar timpeall an chósta. D’fhuadaigh an stoirm agus an gála cuid acu sin ach thóg an tArm iad as dúshlán an geábh ina dhiaidh sin, agus iad déanta anois as straidhn threisithe agus barraí iarann.

Bhí ceann de na botháin seo – an

‘Hut’ a thugadh cuid de mhuintir na háite air – tógtha ar chnocán aerach rite, píosa siar ón Spidéal i ngiorracht céad slat den fharraige. Fíoráisiúil, ba cúldoras isteach é agus ar iompú do bhoise d’fhéadfadh an Ghearmáin nó Sasana, ag a raibh an chabhlach ba chumhachtaí ag an am taobh amuigh de Mheiriceá, leaindeáil ar an talamh

tirim, bunáiteanna na n-arm a shocrú suas agus ní bheadh muid in ann faic na ngrást a dhéanamh faoi. Go deimhin bhí ráflaí ann tráth go raibh Hitler le hionsaí a dhéanamh ar an tír seo, ach b’fhéidir nach raibh ansin ach bolscaireacht ag meáin Shasana.

Bhí an-tóir ag na Sasanaigh ar na cuanta céanna. Cúpla bliain roimhe



Tower Cheann Gólaím

2005-09-20


sin scaoil siad leis an seilbh a bhí acu ar thrí chinn acu, péire i gCorcaigh - Queenstown nó Cóbh, Baile Chaisleáin Bhéarra agus Loch Súilí ó thuaidh. In ainneoin gealltanais mhealltach Churchill do De Valera – na Sé Chontae a thabhairt ar ais dúinn ina measc – ba mhaith a thuig Dev an cúlchead agus an gliceas, agus mar sin níor ghéill sé dóibh. Choinnigh sé a ghreim, sheas sé ar a fhocal agus níor shloig sé an baoite, agus tá creidiúnas mór ag dul dó mar gheall air sin.

D'fhostaigh na fórsaí cosanta daoine áitiúla, ní nach ionadh, is acusan a bhí an t-eolas ar chuile charraig, crompán, cuisle, oileán, caladh, cuan, góilín, caoláire, scailp, corra a bhí san áir. Bhí a fhios acu faoi chuile chor dá ndéanfadh an fharraige, an ceangal a bhí ag an ngealach le rabhartaí móra agus beaga, an rabharta ina neart, lán mhara, iarthrá, barr láin. Bhí na téarmaí seo ar fad ar bharr a ngoib acu agus curach chanbháis ag beagnach chuile theach, bíodh is go raibh an páipéarachas ar fad i mBéarla, ach is dóigh go raibh siad i bhfad níos compordaí leis sin.

Na 'Coastguards' a thugtaí go háitiúil ar na daoine seo a bhí ceaptha don obair chosanta agus sin iad a bhíodh gléasta go péacach, bródúil, pointeáilte i gculaith an airm. Buíon cróga, dúthrachtach, tírghráúil a bhí iontu a sheas an fód ar son chosaint na tíre oícheanta fada fliucha stoirmiúla geimhriúla nach gcuirfeá amach an mada agus an áit chomh dubh le pic mar nár tháinig an leictreachas an bealach go ceann scór blianta ina dhiaidh sin.

Bhíodh ar dhuine acu seasamh taobh amuigh i rith na hoíche agus a bheith fíorairdeallach ar fhaitíos go mbeadh torann nó crónán ó aon eitleáin nó go mbeadh aon solas aisteach ag guairdeall sa spéir nó ar an bhfarraige. Ní raibh aon chead codlata ann go hoifigiúil, ach dúirt mo Dheaide, Tom Bán, liom go mbíodh coirnéal codlata acu agus iad sínte amach ar an mbinse ar a seal. Seo iad na daoine a bhí sa mbuíon sin:

Pat James Bolustrom,
Oifigeach/Ceannasaí, Baile na hAbhann



Bothán faire

Joe Phádraig Uí Neachtain,
Ceannaire, An Chéibh Nua
Taimisín Pháidí an Bhreathnaigh,
An Chéibh Nua
Tom Bán Breathnach, An Chathair
Steve Darby Ó Céide,
Sáile Chuanna
Micheal Coyne, Sáile Chuanna
Marcaisín Johnny Mháirtín Uí Fhéinneadha, An Chré Dhubh
Maidhcilín Feeney,
Sráidbhaile an Spidéil
Dainín Dan Beag Ó Féinneadha, An Baile Ard.

An-leadránach agus an-fhada go deo a bhíodh seal na hoíche gan solas gan léargas, oícheanta fada áirneáin chomh fada le ráithe an Earraigh, gan an imirt chártaí féin ann ná slabáil ag ól tae ná caitheamh tobac mar nach raibh a leithéidí ann. Bhí ciondail i bhfeidhm nó an "ration" mar a thugtaí air, agus rudaí chomh gann sin is go mbídís ag cur smúdar móna ina gcuid píopaí in áit tobac. Ar ndóigh bhíodh orthu a bheith an-airdeallach i gcónaí agus gan a bheith ag bobáil chodlata.

Bhíodh roinnt diabhláochta agus cleasaíochta ar siúl freisin, cleas amháin ná go gcuiridís gramafón ar siúl sna sceacha, leaid amháin thíos ar a ghogaide agus trálach ina lámh ar a mhine ghéar á choinneáil casta agus Port na bPúcaí á sheoladh ag iarraidh na seanleids a scantrú ar a mbealach abhaile ó na tithe cuarta oícheanta seacha go mór mhór. Shíleadh siadsan go cinnte dearfa gur

síogaí a bhíodh ann. Tá sé ráite nach bhfeicfeá tada ag dul soir thar an ard a bhí sa mbóthar ach aithneachaí ag éirí as a gcuid bróga táirní agus iad ag rith lena n-anam. Ba greannmhar an feic iad, tuisleach tromchosach agus na 'drawers' olanna ag fágáil léasracha dearg ar a gcuid másaí leis an gcuimilt. Tinnbhonnach go maith a bhíodh íochtar a gcos acu nuair a shroichidís an baile. Chuir an mhilleán ar na leaids óga ach cuirim geall leat go raibh Tom Bán chomh dona leo. Thaithnigh píosaí spraoi agus greann leis. Feicim as seo é ag seanscairtíl gháire agus é ag gríosadh na leaids óga. Ba mhaith uaidh an scéal a inseacht go dtí an lá ar bhásaigh sé.

Geábh eile, díreach taobh thiar de Chéibh an Spidéil chlúdaigh ceann de na leaids é féin le feamainn agus gan le feiceáil ach a bhróga ar an trá. Bhí fear áitiúil ag siúl an chladaigh ag cuartú raic shíl seisean gur corp saighdiúra a bhí ann, rith sé suas go dtí an beairic. Go tráthúil, bhí an sáirsint taobh amuigh de Tigh Joe Sheáin Dhomhnaill, an teach ósta, ag fanacht le bus an deich, an t-aon bhus sa lá a bhí ag dul isteach go Gaillimh mar gheall ar easpa peitрил in aimsir an chogaidh. Rinne an sáirsint a bhealach síos go dtí an cladach agus cúpla duine in éineacht leis. Thaispeáin mo dhuine an spota dó ach ní raibh tada ann. Chas an sáirsint ar a chois agus dúirt sé, "Bydad ní raibh an saighdiúir seo i



chuid eolais a roinnt go fial flaithiúil liom faoin eachtra seo.

Ag dul ar ais go dtí an ‘mine’ sa Lochán Beag, tá an scéal sin fós i mbéal na ndaoine, beagnach céad bliain tar éis dó tarlú agus is dóigh go n-insíonn sé sin cé chomh cumhachtach is a bhí an phléasc sin. Bhí mo Dheaide ina stócach ag an am agus é ar aimsir ar an Eachré ag obair do bhaintreach darbh ainm Nóra Glynn. Ag seoladh a cuid beithigh a bhí sé, dá mhíle amach as Órán Mór ar Bhóthar an Rí ar thaobh Bhleá Cliath, áit a raibh talamh conacra aici nuair a chuala sé an phléasc ag teacht isteach ón bhfarraige mar a cheap sé. Croitheadh an talamh timpeall air, chuir sé a mhéaracha ina chluasa, scantraigh na beithigh agus scaip siad. Shíl sé gur plump toirnín a bhí ann, agus bhí sé de thréith sna daoine ag an am sin dul ar an bhfoscadh a luaithe agus a d’aireofaí aon toirneach. Shíl mo Dheaide freisin gur toirneach a bhí ann ach bhí amhras air mar níor tháinig ach aon phlump amháin.

Fostaíocht

Bhíodh garda ann timpeall an chloig agus seo a leanas na ‘Shifts’ nó na sealanna oibre a bhíodh i gceist:

08.00 go dtí 16.00

16.00 go dtí 00.00

00.00 go dtí 08.00

Bhí leabhar imeachtaí nó logleabhar le síniú ag tús agus deireadh chuile sheal oibre. Rinne an Ceannaire (Corporal) cinnte de sin agus é leis an tóin acu maidin is tráthnóna. Pá £1-15s-0d (sa sean-airgead) a bhíodh dóibh sa tseachtain, saothrú maith ag an am agus is dóigh gurbh é sin an gnáthráta a bhí ag an arm

Feisteas agus Trealamh

Feisteas caighdeánach an airm a bhíodh orthu i mbun dualgais – cultacha, loirgneáin (*leggings*), bróga, buataisí, caipíní, clócaí, cábaí, éadaí báistí, fo-éadaí, cótaí móra, miotóga agus araile. Na déshúiligh a bhí acu – nó na ‘*spyglasses*’ mar a thugadh na seandaoine orthu – bhí siad chomh cruinn gur beag nach bhfeicfeadh tú faoileáin a bheadh ag faire nó ar gor ar bharr an tí solais, trasna an chuan i mBaile Uí Bheacháin. Níor chuala

bhíodh ag fail bisigh”. Bhí sé bréan go maith dó féin agus an bus caillte aige ach thuig sé nach raibh ann ach píosa spraoi. Is maith an scéal go raibh féith an ghrinn ann.

Le barr a chur ar an mí-ádh deireadh an seandream go raibh an píosa áirithe bóthar seo lán le taibhsí. Chonaic mo mháthair féin, Kate, iad agus déaradh sí linn stopadh ag caint agus greim lámh daingean a fháil ar a chéile. An scéal ba choitianta a chuala mise ná go mbíodh daoine ag iompú cónra ar a ndroim ó thuaidh den bhóthair i gcónaí. Tá duine amháin den criú beo fós, sin é Maidhcilín Feeney atá ina chónaí i Sydney na hAstráile. Chuaigh sé anonn go Sasana i dtosach. D’fhéadfá dul anonn as Sasana ar dheich bpunt (€12.70), is beag nach raibh sé déanta agam féin. “The ten pound tourists”, a thugaidís orthu. B’iontach go deo an seans é ag an am. Dainín Keane, mo chomharsa béal dorais a thug an-chabhair dom, tá cuimhní aige ar nós encyclopedia agus go bhfága Dia mar sin é.

An Campa

Tá ceann de na campaí ina sheasamh fós, thiar i gCaladh Ghólaim, Leitir Mealláin, ag breathnú amach ar Tower Cheann Gólaim. Tá sé deich dtroigh agus sé orlaigh ar fhad, ocht dtroigh agus sé orlaigh ar leithead agus ocht dtroigh ar airde, é

triantánach ar thaobh na farraige agus cúig fhuinneog air le bheith ag faire amach astu.

Eachtra amháin a sheasann amach i rith na gcúig bliana a raibh an cogadh ar siúl agus a bhféadfadh impleachtaí tragóideach a bheith aige ab an mianach a leaindeáil ar Thrá an tSáilín ar an bPúirín i gCois Fharraige sa mbliain 1942. Cuireadh fios ar an arm agus tháinig plód mór acu amach, saineolaithe frithbhailistíocha agus buíon diúscartha buamaí ina measc. Chuile sheans gur smaoinigh siad siar cúig bliana fichead roimhe sin ar an gCéad Chogadh Mór nuair a tháinig mianach i dtír ar thrá sa Lochán Beag cúpla míle siar an bóthar agus tharla tubaiste uafásach nuair a phléasc sé agus maraíodh naonúr fear. B’iad na ceannlínte a bhí sna páipéir ar fud an domhain an t-am sin ná “*nine fishermen killed by German mine in the West of Ireland*”. B’iad na Sasanaigh a bhí i gcumhacht an t-am sin, gan dabht.

Fad is a bhí an t-arm ag baint an ghoimh agus an dochair as an mbuama an iarraidh seo dúradh leis na daoine a bhí ina gcónaí sna bailte máguaird imeacht as a gcuid tithe. Díbríodh na gasúir scoile suas bóithríní portaigh in áit a theacht abhaile. De réir dealraimh, bhí sé eagraithe go maith ag an arm. Tá mé fíorbhuíoch do Chóil Uileac Ó Coistealbha as an gCéibh Nua faoina



Carraig an phíolóta

2005-11-04

mé mórán cur síos ar an teileascóp ach bhí a leithéid ann. Bhíodh binse agus logleabhair agus cathaoir istigh sa gcampa, chomh maith le tinteán agus simléir. Bhí pollaí agus cuailí teileagraf isteach go dtí an campa agus líne teileafóin díreach go dtí Beairic na Rinne Móire i nGaillimh le foláireamh a thabhairt dá dtabharfaidís aon rud suntasach faoi deara.

An fhad is a bhí mé thiar i Leitir Mealláin, dúirt fear áitiúil liom go mba caitheamh aimsire an-choitianta a bhí ann, go mór mhór ar a mbealach abhaile ón scoil, a bheith ag tógáil urchair reatha le clocha ar na crúiscíní a bhíodh suite ar an maide trasna ar na pollaí. Bhíodh siad an-bhriosc agus bhrisidís go héasca. Aisteach go leor bhí an cleas céanna againne ag teacht ón scoil, comórtas a mhic ó lena fháil amach cé aige a bhí an seait ab fhearr. Bhí cuid againn nár mhothaigh ceart faoi, ach bhí sé an-deacair seasamh amach ón 'ngang', mar ní raibh mórán cainte ar neamhspleáchas ná ar smaoineamh as do chonlán féin. Ní raibh an eitic mhoráltachta sin múinte dúinn ag an am sin.

Maidin Chéadaoine, thart ar an am seo den bhliain i lár an chogaidh, tharla eachtra a tharraing aird na meán náisiúnta agus daoine nach iad ar an taobh seo tíre. Bhí eitleán de cuid airm nó aerfhórsa Cheanada ag trasnú an Atlantaigh os cionn Chonamara nuair a thosaigh sí ag

cailleadh cumhachta – ag rith amach as breosla nó fabht san ineall, níl a fhios againn go cinnte.

Chaith an criú iad féin amach agus thosaigh siad ag ísliú ar a bparaisiút. D'fhan an píolóta sa gcockpit chomh fada is a d'fhéadfadh sé, thug aghaidh an eitleáin amach ar an bhfarraige agus bhí sé feistithe le léim amach agus a scamhóga a líonadh le haer úr Chois Fharraige ach d'fhág sé ródheireanach é. Chonaic daoine an t-eitleán thrí thine nuair a thit sí píosa amach sa bhfarraige agus chuaigh sí go grinneall. Tá sé ráite go láidir go raibh buamaí ar bord aice ach bhí an bás i ndán don duine bocht.

Frítheadh a chorp faoi bhun na hAille Finne ar an gCnoc. Deirtear go raibh sé díbhéo ar feadh cúpla lá ach in ainneoin dianchuardú ag na Coastguards ní raibh siad in ann a theacht ar a chorp. Fear áitiúil a bhí ag piocadh faochan a tháinig air ar chúl chloiche mhóir istigh i gclochar. Leaindeáil duine eile sna Poillíní i mbarr na bhForbacha agus duine in Áth Chinn. Tháinig an tArm amach, ghearr siad na cáblaí a bhí i bhfostú sna clocha agus cuireadh isteach i gcónra ar an duirling é agus ansin tugadh an corp go Tigh Bheairtle Uí Fhátharta, óstóir agus siopadóir láidir a bhí leathmhíle siar an bhóthair. Sa stór mór ar chúl an tí a coinníodh an corp agus tugadh ansin é go Rinn Eanaigh in aice le hAerfort na Sionna anois, agus as sin ar ais abhaile go Ceanada. Gordon an sloinne a bhí air agus ba de bhunadh na Sé Chontae é. Cúpla bliain ina dhiadh sin tháinig a mhuintir anall agus ghlac siad buíochas le muintir Uí Fhátharta, leis an tArm agus le chuile dhuine eile a thug cúnamh ar an ócáid thragóideach sin. Lá breá éigin, nuair a bhéas tuilleadh ama agam fiosróidh mé na tuairiscí chomhaimseartha a bhí sna páipéir ach tá na príomhphointí sa bpíosa seo, mar a chonaic daoine na háite é.

Pádraic Tom Bán Breathnach



An treo a ndéachadh an píolót




Foireann agus Painéal Peile Faoi-21 Chumann Mhicheál Breathnach

Ar chúl, ó chlé: Gearóid Ó Curraoin, Maitias Ó Donnchú, Ciarán Seoighe, Eoin Ó Conghaile, Damien Mac Diarmada, Rónán Ó Fátharta, Máirtín Ó Neachtain, Máirtín Ó Maoileoin, Frank Denvir, Eoin Ó Coisdealbha, Gearóid Ó Fátharta, Seán Denvir, Cian Ó Gríofa, David Ó Ceallaigh, Caoimhín Ó Coisdealbha, Seosamh Ó Conaire, Seosamh Ó Ceallaigh, Bertie Ó Coisdealbha.

Sa tosach, ó chlé: Oisín Ó Ceallaigh, Pádraig Ó Maoileoin, Cóilín Ó Fátharta, Jack Mac Giollaibríde, Cormac Breathnach, Antoine Ó Finneadha, Éanna Ó Conghaile, Dónal Ó Héalaí, Pádraig Óg Ó Conaire, Cian Ó Griallais, Séamas Ó Conghaile, Pádraig Mac an Iomaire, Seán Ó Cearnaigh.

Cumann Mhicheál Breathnach

An bhliain seo chugainn, beidh peileadóirí Chumann Mhicheál Breathnach ag imirt i Roinn A na Gaillimhe den chéad uair ó bhain siad stádas sinsir amach sa bhliain 2004. Chríochnaigh siad ar bharr Roinn B na bliana seo (2007) agus trí phointe dhéag acu as ocht gcluiche, agus tá Cluiche Ceannais na Sraithe Roinn B fós le n-imirt, áit a gcasfaidh siad ar Chill Chiaráin / Cluain Beirn arís.



Rónan Ó Conghaile, (capt.) leis an gCorn Ceilteach

Ina gcuid cluichí sraithe, fuair siad an bua ar Gleann An Mhadaidh, Cill Chiaráin / Cluain Beirn, Béal Átha an Ghártha, Dún Mór, Cathair Lios Traín, chríochnaigh siad ar chomhscór le Mionlach agus chaill siad i gcoinne Chill Ainnín agus Bhaile Chláir. Is cuma céard a thárlóidh anois, beidh dhá bhliain acu sa Roinn Sinsir agus is féidir leo díriú isteach ar an gComórtas Craoibhe gan aon dícháiliú a bheith ag bagairt orthu.

Os ag caint ar an gComórtas Craoibhe mé, shroich an fhoireann sinsir peile babhta Ceathrú Ceannais an Chontae den chéad uair riamh. Chaill siad sa chéad bhabhta i gcoinne Chartúin ach ina dhiaidh sin bhí sárbhua acu ar Chill Ainnín agus ar Ghleann an Mhadaidh, ach faraor tháinig deireadh lena n-aistear sa

chomórtas seo nuair a bhuaigh foireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh orthu sa chluiche Ceathrú Ceannais.

Rinne peileadóirí Sóisear A an chlub gaisce mhór freisin nuair a bhuaigh siad ar Ghleann Uisce i gCraobh an Chontae don mbliain 2006, (cluiche a himríodh ag tús na bliana seo). De bharr a mbua sa chomórtas sin, bhí siad sa ghrád Idirmheánach i mbliana agus tá an stádas sin coinnithe acu don mbliain atá le teacht.

Bhí sárbhliain freisin ag peileadóirí Faoi-21 A an Chumainn. Thug siad leo Craobh an Iarthair tar éis athimirt iontach i gcoinne Bhóthar na Trá / Cnoc na Cathrach. Ní dhéanfar dearmad go brách ar chúl na bua a fuair Joe Ó Conaire sa chluiche sin.

Tá cluiche ceannais sraithe an Iarthair sroichte ag foireann mionúir peile an Chumainn agus níl an

comórtas sin thart go fóill . Is ábhar mórtais don gCumann freisin go raibh imreoir dár gcuid, Seán Denvir, ar phainéal mionúir peile an Chontae a bhuaigh Craobh na hÉireann i mbliana .

Tar éis cluichí na bliana, tá a stádas i Roinn Sóisear B an chontae coinnithe ag iománaithe an Chumainn. Shroich an fhoireann mionúir Craobhchluiche Sraithe na Cathrach A ach fuair an Caisleán Gearr an ceann is fearr orthu.

Agus ar an dara Domhnach de mhí an Mheithimh, i mBaile Oban na hAlban, thug foireann iomána Mhicheál Breathnach leo an Corn Ceilteach tar éis bua iontach a fháil ar fhoireann Camánaíochta de rogha oileáin na hAlban. Ócáid fíorstairiúil a bhí ann dúinne agus bhain chuile dhuine an-spórt agus taitneamh as, agus nach sinn a bhí bródúil ag breathnú ar chlár na scór ag deireadh an chluiche; ÉIRE 3-3 ALBA 2-1!

Seán Bán Breathnach



**Foireann Iománaíochta Mícheál Breathnach
a bhuaigh an Corn Ceilteach 2007**

Ar chúl, ó chlé: Tomás Ó Ceallaigh, Máirtín Bán Breathnach, Cárthach Bán Breathnach, Mícheál Ó Súilleabháin, Réamonn Ó Maoildhia, Ciarán Ó Griallais, Jeaic Mac Giolla Bhríde, Aodán Mac Cormaic, Pádraic Seán Ó Tuairisg, Shane Ó Meara, Darach Mac Con Iomaire, Marcus Ó Cualáin, Andy Bleasdale, Seán Bán Breathnach.

Chun tosaigh, ó chlé: Diarmuid Ó Ceallaigh, Séamas Ó Fátharta, Antaine Ó Feinneadha, Tomás Ó Riada, Pádraic Mac Giolla Bhríde, Ruairí Mac Con Iomaire, Ruaidhrí Ó Béarra, Enda Ó Tuathail, Rónan Ó Conghaile.

Cumann Peile Gael na mBan Mícheál Breathnach

Katie Breathnach

Tháinig grúpa cailíní óga le chéile breis is bliain go leith ó shin agus suim acu foireann peil na mban a thosú sa pharóiste. Bunaíodh Cumann Peile Gael na mBan Mícheál Breathnach agus shocraigh beirt pheileadóirí ó fhoireann sinsir na bhfear muid a thraenáil. Nuair a thosaigh an cumann seo ní raibh oiread is liathróid peile fhéin againn gan trácht ar feisteas. Bhí orainn liathróidí peile agus geansaithe a fháil ar iasacht ó fhoirne sinsir agus mionúir na mbuachaillí.

Cosúil le aon chumann agus iad ag tosú, bhí go leor fadhbanna againn: easpa airgid, agus gan an “size” ceart liathróid againn, agus toisc nach raibh aon traidisiún peile ban sa chlub b'éigean do cuid mhaith de na cailíní tosú ar na scileanna peile is bunúsaí a fhoghlaim. Ach le tacaíocht

ó mhuintir an pharóiste d'éirigh linn tús maith a chuir leis an gcumann. Ní raibh againn ach cúpla seisiún traenála roimh ár gcéad cluiche in aghaidh Árainn. Ní gá a rá gur thug na hÁrannaigh drochbhualadh dúinn an lá sin. Ach ba chuma linn, bhí foireann peile againn bhí cluichí le n-



Foireann faoi 13

Ar cúl: Maria Ní Chonghaile, Léan Breathnach, Róisín Ní Chonghaile, Siobhán Ní Chonghaile, Saoirse Howlin, Neasa Ní Mhaoláin, Áine Ní Dhubhghaill, Aisling Ní Chonchubhair.

Christine Nic Ghiolla Choinnigh, Síle Ní Chonghaile, Caitríona Ní Churraoin, Karen Ní Dhonnacha, Aisling Ní Neachtain, Órlaith Ní Dhíreáin, Cáirthach Breathnach (Bainisteoir).

Chun tosaigh: Loretta Ní Challanáin, Darina Ní Challanáin, Adhna Ní Bhraonáin, Ciana Ní Churraoin, Eimear Ní Mhaoileoin, Sinéad Ní Longáin, Laoise Bleasdale, Siorcha Ní Bhraonáin, Katie Breathnach.



Laoise Bleasdale (capt. faoi 13) ag glacadh leis an gcorn ó Richie Bohan, Maigh Cuilinn.

imirt againn agus bhí an samhradh ar fad againn chun feabhas a chuir ar ár gcuid scileanna.

Bhí go leor bainisteoirí againn i dtús ama, daoine cosúil le Liam Willy Ó Fátharta, Dónal Ó hÉalaí, Ryan Ó Fionnagáin Cian Ó Griallais agus Bríd Uí Chuív. I samhradh 2006, ceapadh Eanna Ó Conghaile. agus Cárthach Breathnach mar bhainisteoirí ar an bhfoireann mionúir agus sóisir agus tá siad linn fós.

Is cinnte go bhfuil feabhas mór tagtha orainn ó shin, mar ar an 4ú lá de Shamhain 2007 d'éirigh leis an bhfoireann sóisir Sciath Iarthar na Gaillimhe 2006 sa ngrád sóisir a bhaint amach. Cluiche peile den scoth a bhí ann agus d'éirigh linn an ceann is fearr a fháil ar chlub Gráinne Mhaol as Rinn a Mhaoile ar pháirc Ros Muc. Den chéad uair riamh bhí tinte chnámh lasta ó cheann ceann an pharóiste d'fhoireann na gcaillíní agus muid ag filleadh abhaile leis an Sciath. Ar ndóigh ní tharlaíodh sé seo gan na bainisteoirí iontacha foighneacha, na tuismitheoirí agus an lucht tacaíochta

atá againn, agus táimid an bhuíoch dóibh ar fad.

Mar chumann, chuireamar romhainn i mbliana foirne faoi aois a bhunú agus a fhorbairt agus le cabhair ón gCoiste Láir, ó Chárthach, ónár n-imreoirí, na tuismitheoirí iontacha, agus ár gcoiste féin, tá peileadóirí óga den scoth againn anois. Tá os cionn 40 cailíní faoi chúig bliana déag cláraithe linn agus beidh méadú air sin an bhliain seo chugainn. Bhí foirne faoi 11 agus faoi 13 againn agus ghlac an dá fhoireann páirt i gcomórtas Shraith Iarthar na Gaillimhe 2007. D'éirigh leis an bhfoireann faoi-13 corn a bhaint amach i Sraith Iarthar na Gaillimhe i gcoinne Gráinne Mhaoil. Rinne na cailíní seo, an lucht bainistíochta, agus a gcuid tuismitheoirí éacht b'iadsan a bhuaigh an chéad corn riamh don chumann s'againne.

Ba mhaith linn ar mbuíochas a ghlacadh leis na tuismitheoirí ar fad, lenar gCathaoirleach, Antaine Mhaidhc Ó Conghaile, lenár gcoiste iontach féin agus go háirithe leo siúd a thug urraíocht dúinn. Tá muid an-bhuíoch as an gcúnamh agus as an tacaíocht atá tugtha ag Cumann Micheál Breathnach dúinn go dtí seo agus leis an tacaíocht go léir a thugann peileadóirí agus iománaithe an chumainn dúinn.

De réir a chéile a dtógtar na caisleáin. An t-am seo anuaraidh is ar éigin go raibh dhá liathróid peile ag Cumann Peile na mBan ach anois tá dhá Chorn againn agus le cúnamh Dé tá cúpla ceann eile le theacht.



Foireann Sóisir

Ar cúl: Éanna Ó Conghaile, Cárthach Breathnach

Dara líne, ón gcúl: Catherine Ní Chonghaile, Sharon Ní Chonaire, Ríona Ní Ghriallais, Treasa Ní Chadhain, Rachel Ní Fheinneadha

Sa lár: Siobhán Ní Chonghaile, Béibhinn Ní Ghíofa, Gráinne Wilkins, Clíona Ní Bhiataigh, Gráinne Bleasdale, Aedín Ní Fhátarta, Máire Ní Fhinneagáin, Áine Ní Chonghaile (Capt.), Ciara Ní Ghriallais, Sadhbh Ní Cheallaigh, Niamh Ní Dhíreáin

Cun tosaigh: Dairíona Nic Dhonnacha, Léan Breathnach, Katie Breathnach, Maria Ní Chonghaile, Eimear Ní Chadhain, Bernadette Ní Fheinneadha



Liathróid Láimhe Campa 1 ag seanphinniúr Bhoth Chuana

Gan aon ord ar leith:

Timín Joe Tim Ó Curraidhin, Sinéad Ní Mhaoláin, Eimear Ní Bhiadh, Emma Ní Choisdealbha, Máirtín Ó Maoláin, Rónán Ó Beoláin, Cian Ó Conghaile, Vitor Ó Fátharta, Liam Ó Fátharta, Anna Ní Ódhráin Ní Mhurchú, Hazel Ní Choisdealbha, Cathal Ó Coisdealbha, Iain Ó Nuanáin. Caitríona Ní Bhéarra, Conor Taggart, Caomhán Ó Iarnáin, Tiffany Ní Choisdealbha, Rónán Ó Maoláin, Ryan Ó Máille, Cathal Ó Conghaile, Aisling Ní Iarnáin, Séamas Ó Fátharta, Ruadhan Ó Curraoin, Micheál Ó Longáin, Gearóid Ó Conghaile. Pádhraic Ó Conghaile, Rónán Ó Curraoin, Jordan Ó Cualáin.



Campa 2 ag an bPlassey in Inir Oírr

An chéad líne: Colm Ó Cualáin

An dara líne: Timín Ó Curraoin, Colm Ó Fátharta, Joe Ó Fátharta, Donnacha Ó hAinmhire, David Ó Fátharta, Damian Ó Coisdealbha, Cathal P. Ó Conghaile, Máirtín Ó Maoláin.

An tríú líne: Séamas Ó Fátharta, Ciana Ní Churraoin, Neasa Ní Mhaoláin, Naoise Ó Gibne, Caomhán Ó Iarnáin, Dara Ó Fátharta, Rónán Mac Donncha.

An ceathrú líne: Róisín Ní Chonghaile, Sinéad Ní Ainlí, Clíodhna Ní Eidhin, Éinne Ó Conghaile, Gearóid Ó Finneadh, Cathal Ó Maoláin, Máirtín Ó Nualláin, Máirtín Ó Tuathail, Pádhraic Ó hAinlí.

An Cumann Liathróid Láimhe

Jimí Ó Fátharta

An óige go deo agus na bróga an fhad a mhairfidh siad! Sea, bliain eile iontach ag óige Mhíchíl Bhreathnaigh ó thús 2007, idir craobhacha contae, cúige agus náisiúnta. Rinne Comhar Creidmheasa Cholm Cill urraíocht fhial fhlaithiúil ar gheansaithe don Chumann i mbliana agus rinne Colm Mharcais Ó Cualáin an rud céanna do gheansaithe na ndaoine fásta.

Mar is gnách le cúpla bliain, rinne an Cumann Forbartha urraíocht ar éadaí d'Fhéile na nGael agus chuidigh Údarás na Gaeltachta le costais eile a sheasamh.

Mar is gnách, bhí go leor comórtais ar siúl i rith na bliana agus seo cuntas ar na príomhthorthaí a bhí orthu sin.

Comórtas Aonair 'A' – Cailíní Craobh an Chontae

Faoi-10: Anna Ní Ódhráin Ní Mhurchú, An Lochán Beag.

Faoi-12: Ciana Ní Churraoin, An Chathair.

Faoi-13: Neasa Ní Mhaoláin, Coill Rua.

Faoi-14: Sinéad Ní Ainlí, Baile Liam, a bhain amach Craobh Chonnachta agus cluiche leathcheannais na hÉireann, agus an mí-ádh orthu gurb í Seaimpín an Domhain as Luimneach a casadh uirthi sa gcluiche ceannais. Bhí Sinéad ar fhoireann Faoi-14 Chonnachta chomh maith.

Comórtas 'B' na gCailíní –

Faoi-13: Cliona Ní Eidhin, Coill Rua, agus bhain sí amach Craobh an Chontae chomh maith.

Faoi-13, Comórtas Beirte: Róisín Ní Chonghaile, An Cnoc agus Darina Ní Challanáin, na hAille.

*Comórtas Aonair 'A' na mBuachaillí,
Craobh an Chontae –*

Faoi-12: Maidhc Ó Conghaile, An Cnoc.

Faoi-15: Peadar Óg Ó Conghaile, Teach Mór, agus bhain sé amach Craobh Chonnachta chomh maith.

Faoi-17: Seán Ó Finneadha, An

Lochán Beag.

Comórtais Beirte

Faoi-13: Ruadhán Ó Béarra, Both Chuana agus Cathal Ó Maoláin, Coill Rua. Chuaigh an beirt ar aghaidh agus bhaineadar amach Craobh Chonnachta chomh maith.

Faoi-15: Stiofán Ó Béarra, Cartúr Leathan agus Séamas Ó Conghaile, Má Cuilinn. Bhain an bheirt acu amach Craobh Chonnachta chomh maith tar éis an-teacht aniar agus strácaíl mhór a dhéanamh.

Faoi-16: Fiontán Ó Curraoin, An Chathair agus Fiach Ó Béarra, Both

Chuana.

Comórtas Aonair 'B' – Buachaillí

Faoi-12: Cian Ó Fátharta, Na hAille agus Tomás Ó Maoláin, Cor na Rón. Bhaineadar seo amach Craobh Chonnachta chomh maith.

Faoi-13: Donncha Ó hAinmhire, Teach Mór agus Joe Ó Fátharta, na hAille.

Faoi-15: Stiofán Ó Céidigh, na hAille agus Aonghus Ó Curraidhín, An Cnocán Glas.

Comórtas Ghael-Linn, Páirc an Chrócaigh



Ag Féile na nGael i gCill Chainnigh i mí Meitheamh

Tomás Breathnach, Uachtarán Chumann Liathróid Láimhe na hÉireann; Ciana Ní Churraoin; Cliona Ní Eidhin, Sinéad Ní Ainlí, Timín Joe Tim Ó Curraidhín, Neasa Ní Mhaoláin, Séamas Ó Fátharta agus Róisín Ní Chonghaile.



Colm Mharcais Ó Cualáin ag bronnadh geansaithe ar Chathaoirleach Chumann Liathróid Láimhe Mhicheál Breathnach, Pádraic Tim Ó Conghaile.

Sa bpictiúr chomh maith tá: Stiofán Ó Béarra, Fiontán Ó Curraoin, Timín Joe Tim Ó Curraidhín, Ciana Ní Churraoin, Gearóid Ó Fatharta, Séamas Ó Fatharta, Bobbí Uí Ainlí agus Sinéad Ní Ainlí.

Bhuaigh Ciana agus Ruadhán Comórtas an Phláta agus bhí an-lá againn in éindí le muintir Mhá Cuilinn. Chuir Micheál Ó Foighil an mionbhus ar fáil dúinn do lá mór agus ní raibh de lucht ar an lá céanna i mBaile Átha Cliath ach go raibh ár bhfiacra ag bualadh in aghaidh a chéile leis an bhfuacht.

Comórtas Foirne Fhéile na nGael

Den chéad uair riamh, chuir an cumann foireann de chúigear cailíní go dtí Féile na nGael i gCill Chainnigh i mbliana. Chuir na cailíní seo an-iarracht isteach ar feadh

sé seachtainí roimh ré le traenáil chrua agus bhí toradh ar an iarracht sin. Bhuaigh siad a ngrúpa féin in aghaidh Chontaetha an Chláir agus Chill Chainnigh. Tar éis a gcluiche leathcheannais a bhuachan ba iad Co. an Chláir a chas aríst orthu sa gcluiche ceannais, agus tar éis dhá chluiche chrua bhí siad ar chomhscór. Mar sin, b'éigean an tríú cluiche a imirt agus cé go ndeachaigh sé go snaidhm an rópa leo, bhí an bua ag an bhfoireann s'ainne faoi dheireadh.

Ar an bhfoireann sin, bhí Sinéad Ní Ainlí, Clíona Ní Eidhín, Neasa Ní Mhaoláin, Ciana Ní Churraoin agus Róisín Ní Chonghaile. Bhí na tinte cnámh lasta ó Bhoth Chuana go Ros an Mhíl roimh na laochra óga Faoi-14 nuair a d'fhill siad abhaile an tráthnóna fliuch feannta Domhnaigh sin i mí an Mheithimh.

Níor éirigh chomh maith sin leis an buachaillí i mbliana, ach bhain Pádraic Ó hAinlí amach an dara háit i gcomórtas na scoileanna, mar a rinne Stiofán Ó Béarra anuraidh. Rinne Neasa Ní Mhaoláin an beart céanna i gComórtas na gCailíní.

Comórtas Aon Bhalla

Suas go Sligeach a chuaigh cailíní, buachaillí, fir agus mná an Chumainn i mí Iúil. Bhí neart cleachtaidh déanta acu i mbliana mar gur chuir an Cumann cúirt aon-bhalla isteach i Halla Scoil Sailearna ionas nach gcuirfí isteach ar aon spórt eile sa halla breá seo. Níor tháinig siad abhaile folamh ach oiread.

Bhí an bua ag Ciana Ní Churraoin sa gcomórtas Faoi-14, ag Fiontán Ó Curraoin sa Sciath Faoi-15, ag Colm Ó



Cúrsaí lántumadh teanga sa Ghaeltacht Ionaid i gCamus, Tulach agus Ros a'Mhíl





**Comórtas Aon Bhalla
i Sligeach
i mí Iúil.**

**Tugadh abhaile
sé thrófaí:**

**Gearóid Ó Fatharta,
Colm Ó Cualáin,
Ciana Ní Churraoin,
Timín Joe Tim Ó Curraoin,
Sinéad Ní Ainlí agus
Fiontán Ó Curraoin.**

**Torthaí ó Chomórtas Liathróid
Láimhe Chumann na mBunscol**

Buaiteoirí Chraobh an Chontae:

Faoi-11

Buachaillí Dúbailte: Rónán Ó Maoláin agus Rónán Ó Beoláin.

Cailíní Aonair: Ciana Ní Churraoin.

Faoi-13

Buachaillí Aonair: Ruadhán Ó Béarra.

Buachaillí Dúbailte: Maidhc Ó Conghaile agus Rónán Ó Beoláin.

Cailíní Dúbailte: Rachel Ní Niadh agus Darina Ní Challanáin.

Buaiteoirí Chraobh Chonnachta:

Faoi-11

Buachaillí Dúbailte: Rónán Ó Maoláin agus Rónán Ó Beoláin.

Cailíní Aonair: Ciana Ní Churraoin.

Faoi-13

Buachaillí Aonair: Ruadhán Ó Béarra.

Buachaillí Dúbailte: Maidhc Ó Conghaile agus Rónán Mach Donnchadha.

Cualáin i Sciath na Máistrí Rúibín agus Timín Ó Curraidhín sna sala aige. Bhain Sinéad Ní Ainlí amach an dara háit sa Sciath Faoi-14 agus bhain Gerry Ó Fátharta amach an dara háit i Sciath na Máistrí Órga. Chuir Bobbí Uí Ainlí suas an-taispeántas ina céad chomórtas náisiúnta agus níl 'fhios cén chaint agus ardmheas a bhí uirthi féin agus ar a hiníon.

Daoine Fásta

Ghlac na seanleids páirt aríst i mblíana sna comórtais éagsúla agus i gCraobh an Chontae a bhí ar ais aríst ar an seanchóras. Bhí Fearghas Mac Lochlainn, Liam Willy Ó Fátharta, Domhnall Ó Céidigh, Gerry Ó Fátharta, Pádhraic Willy Ó Fátharta, Colm Mharcais Ó Cualáin agus Timín Joe Tim Ó Curraidhín páirteach agus chuir siad suas an-taispeántas. Chuaigh Jimí Ó Fátharta agus Peter Mulryan as Béal Átha na Sluaighe chomh fada le cluiche leathcheannais na hÉireann ach níor éirigh rómhaith leo ar an lá, tar éis a dturas fada go Loch Garman.

Comórtas na Gaeltachta: Bhí an lá ar éigean le Jimí Ó Fátharta agus Dónall Ó Cróinín as Baile Mhúirne sa gcomórtas seo i mblíana a bhí ar siúl i mBéal Átha an Ghaorthaidh i gCorcaigh.

Campaí Samhraidh: Reáchtáil an Cumann Campaí Samhraidh aríst i mblíana, an chéad cheann acu sin do thosaitheoirí agus an dara ceann acu do dhaoine a bhí ag cur smaise ar a gcuid scileanna. Bhí an t-ádh orainn i mblíana go raibh Halla Scoil Sailearna ar fáil againn chomh maith.

Bhí comórtas iontach eile againn sna gráid éagsúla. Thug an chéad chúrsa turas ar láthair an

tseanphinniúr sna hAille, i mBoth Chuana agus i mBearna agus léirigh siad an-spéis i stair an chluiche sna pinniúir sin. Chuaigh an dara campa go hInis Oírr, d'imir siad sa bpinniúir breá atá ansin agus thug siad cuairt thart ar an oileán tar éis scáil a mboilg a chur ar an mballa Tigh Ruairí.

Focal Scoir

Rinne Fiontán éacht eile i mblíana nuair a bhain sé amach Craobh Chonnachta sa bpinniúir 60X30 agus gan pinniúir níos gaire dó ná Baile Liam in aice le Ros Comáin. Bhuaíl sé seaimpín Chúige Uladh i gcluiche leathcheannais na hÉireann ach tharla gortú dá lámh de bharr peile ina dhiaidh sin agus b'éigean an cluiche ceannais a chur siar ar feadh coicíse. Ba é an t-easpa cleachtaidh sa bpinniúir mór a lig síos ar deireadh é in aghaidh sheaimpín na Mumhan sa gcluiche ceannais i Luimneach ar an 21 Deireadh Fómhair.



Ócáid bhronnta léinte agus málaí ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille

Seaimpíní Sraithe agus Craoibhe 2007



Foireann Sacair Chois Fharraige faoi 15

Líne cúil, ar chlé: Gearóid Ó Curraoin (Bainisteoir), Aodhán Ó Maoileoin (Bainisteoir) Conor Murphy, Diarmuid Ó Feinneadh, Manus Breathnach, Brendan Ó Conceannain, Colm Ó Cuiv, PJ Bairéad, Aonghus Ó Donnacha, Fiontain Ó Curraoin, Diarmuid Ó Maoileoin, Jack Dowling, Cristóir Ó Márta, Shane Ó Ceallaigh, Peadar Ó Gríofa, Mikey Conroy, Conall Ó Céidigh (Bainisteoir).

Líne tosaigh ó chlé: Ronan Butler, Ronan Grealish, Ronan Ó Fatharta, Gearóid Ó Maolain, Cian Ó Cualain, Dara Mac Donnacha, Richard Mac Donnacha, Fiach Ó Bearra, Stiofán Ó Bearra, Ioas Howlin, Einne Ó Conghaile.

Cumann Sacair Chois Fharraige

Seaimpíní Sraithe agus Craoibhe

Den chéad uair riamh, bhain buachaillí Faoi-15 Chumann Sacair Cois Fharraige amach an cluiche ceannais do chraobh na Gaillimhe, éacht a tharla ar an Luan an 26ú Márta i bPáirc Terryland. Go deimhin ba é seo an chéad fhoireann ón gCumann in aon ghrád a chuaigh chomh fada sin agus is maith mar a rinne siad. I gcoinne Chreag Mhór/Baile Cláir na Gaillimhe a bhí siad sa gcluiche ceannais tar éis dóibh an bua a fháil i gcoinne Moyne Villa sa gcead bhabhta, in aghaidh Kilshanvey sa dara babhta agus in aghaidh Corrib Rangers sa gcluiche leathcheannais.

Ba é seo an foireann a thosaigh don cluiche ceannais:

1. Richard Mac Donnacha - Baile na hAbhann
2. P.J. Bairéad - Cloch Mór
3. Críostóir Ó Márta - Saile Chuana
4. Aonghus Ó Donnacha - Baile na hAbhann
5. Diarmuid Ó Maoileoin - Ros an Mhíl
6. Jack Dowling - Na Forbacha
7. Fiontán Ó Curraoin - Indreabhán
8. Ioas Howlin - Cor na Rón (Captaen)
9. Fiach Ó Béarra – Both Chuana
10. Stiofán Ó Béarra - Na Minna
11. Shane Ó Ceallaigh - Cor na Rón.

Is iad na bainisteoirí atá ag an foireann ná : Aodhán Ó Maoileoin, Gearóid Ó Curraoin agus Conall Ó Céidigh.

Bhí siad an-neirbhíseach nuair a thosaigh an cluiche agus is iad Creag Mhór / Baile Cláir na Gaillimhe ab fhéarr a thosaigh. Tar éis 5 nóiméad imeartha fuair siad cúl agus bhreathnaigh rudaí go dona do Chois Fharraige. Fuair siad cúpla seans eile ansin ach d'éirigh leis an gcúl báire s'againne an ceann is féarr a fháil orthu. Dhúisigh buachaillí Chois Fharraige ansin tar éis 15 nóiméad imeartha. Fuair an dá fhoireann cúpla seans agus bhí sárcluiche á fheiceáil ag an lucht tacaíocht.

Bhí an dá chúl báire crógach mar bhí seansanna ag an dá fhoireann. Fuair Fiach Ó Béarra, Stiofán Ó Béarra agus Fiontán Ó Curraoin seansanna dúinn ach theip orthu an liathróid a chur san eangach. Tar éis 30 imeartha chur muid isteach Peadar Ó Gríofa in áit Stiofáin Uí Béarra. D'athraigh an cluiche ar fad ansin go dtí leatham. Taobh istigh de dhá nóiméad ina dhiaidh sin bhí na foirne ar chomhscór nuair a chuir Ioas Howlin isteach liathróid sa mbosca agus bhí Fiach Ó Béarra réidh chun í a bhualadh nuair a bhuail ceann de chosantóirí Chreag Mhór/Baile Cláir na Gaillimhe a chloigeann faoi agus isteach léi san

eangach. Dhá nóiméad ina dhiaidh sin bhí cúl eile againn. Thug Críostóir Ó Márta liathróid iontach do Pheadar Ó Gríofa agus bhí seisean réidh le scaoileadh fúithi nuair a síneadh sa mbosca é agus – Cis Pionóis! Suas le Ioas Howlin agus bháigh sé san eangach í. Trí nóiméad ina dhiaidh sin fuair Fiontán Ó Curraoin an liathróid agus scaoil sé isteach chuig Peadar Ó Gríofa í; isteach leis siúd thar cúpla imreoir agus chuir sé san eangach í. 3-1 anois ag Cois Fharraige. Taobh istigh de dhá nóiméad fuair Creag Mhór/Baile Cláir na Gaillimhe cúl ar ais. 3-2 a bhí ann ansin go dtí leatham.


Thosaigh an dara leath go maith agus Creag Mhór/Baile Cláir ar an ionsaí ach ní raibh siad ábalta dul thar na cosantóirí s'againne, Aonghus Ó Donnacha agus Diarmuid Ó Maoileoin a bhí thar barr. Chuaigh Diarmuid Ó Feinneadha isteach in áit Shane Uí Cheallaigh agus Colm Ó Cuív in áit Chríostóir Uí Mhárta tar éis 65 nóiméad. Fuair muid cúpla seans eile ina dhiaidh sin ó cic cúinne nuair stopadh an liathróid ar Peadar Ó Gríofa ar an líne agus cúpla nóiméad ina dhiaidh tharla an rud céanna do Dhiarmuid Ó Maoileoin.

Bhí an imirt ar fad ag Cois Fharraige sna 10 nóiméad dheiridh agus choinnigh siad a gcloigeann nó gur séideadh an fheadóg. Bhí lucht leanúna de thart ar 250 ag foireann Cois Fharraige agus rith siad ar fad ar an bpáirc nuair a rinne buachaillí Cois Fharraige an éacht mhór seo.

Ar an Aoine an 6ú lá d'Aibreán na bliana seo rinne na buachaillí céanna an 'Double' nuair a bhuail siad Corrib Rangers sa gcomórtas sraithe, rud a d'fhág ar bharr thábla na sraithe iad agus Corn na Sraithe buaite acu le cur le Corn an Chontae.

Aodhán Ó Maoileoin

Forbairt Nua Scoil Sailearna



Foirgneamh Nua Scoil Sailearna



02 Proposed New Floor Plan (Total New Build: 953 m²)

1:400 @ A3
Following Review Meeting on 11.05.07

- Existing Build (974m²)
 - New Build: 935m²
 - Revised Additional New Build: 18m²
- Total New Build: 935m² + 18m² = 953m²

Connaught House 7, Main Road DUBLIN 9 T: +353 91 700000 F: +353 91 700000 E: design@connaughthouse.com		St Kevin's Female School 1, Cranbrook Street DUBLIN 8 T: +353 1 473 7588 F: +353 1 473 7588 E: design@stkevins.com		Finch House, 15 Golden Ln. LONDON W1P 6ND T: +44 207 437 0882 F: +44 207 267 0242 E: design@douglaswallace.com		DOUGLAS WALLACE ARCHITECTS DESIGNERS PROJECT MANAGEMENT www.douglaswallace.com (PDF web site available)	
CLIENT NAME BOM SCOIL SAILEARNA							
PROJECT NAME SCOIL SAILEARNA							
DRAWING TITLE FLOOR AREA CLARIFICATION							
PROJECT NUMBER	DRAWING NUMBER	REVISION	SCALE(S)	STATUS	DATE DRAWN	DRAWN BY	CHECKED BY
G1086 /	111 /	A	1:500	STAGE 3	19.07.07	EM	KF

© This drawing is copyright. It should not be used for any other project without the written permission of Douglas Wallace Architects. All dimensions to be checked on site. Architects to be informed immediately if any discrepancies arise from drawings.

Scoil na Tuláí i nDeireadh na 40adái

nuair a bhí an scoil thiar in aice leis an gcrosbhóthar



Ar chúl, ó chlé: Bríd Mhaidhc Pheaitís, Pádraig Carney, Josie Mhicil Stiofáin Mhateís, Cóil Mhaidhc Beag, Seán an Fhátartaigh, Seán Sheáin Nan, Pádraig Mhaidhc Tím, Cóilín Bhaba, Máirín Nóra, Pádraic de Búrca (Sleaint).

Chun tosaigh, ó chlé: Tommy Scamláin, Pádraig Pheaidí, Tom Mheáirt Mhoir, Jimí Pheaidí, Pádraig Breen, Máire Pheaidí Jealc, Cáit Sheámaisín, Máire Cliseam, Máire Steve Chóil, Máire Phádraig Cliseam, Bríd Steve Chóil, Nan Mheagí, Máire Sheáin Bháin, Marie Burke, Gloria Burke, Cáit Pheaidí, Máire an Ghréasaí, Máire an Fhátartaigh, Tom Pheaidí, Máirtín Bhaba, Pádraig Pháidín, Colm Chóil Mhoir, Alan Breathnach, Petey Sheáin Bháin, Michael Nóra, Seáinín Scamlon.

Scoil Náisiúnta na Minna



Chun tosaigh ó chlé: Breandán Ó Casaide, Máirín Stiofáinín Mháire Ní Chualáin, Peige Bheartla Shíle Ní Chualáin, Bríd Niocláis, Nan Bheartla Shíle Ní Chualáin, Brídín Ní Fhátharta, agus Peaitsí Watt.

Sa lár, ó chlé: Caitlín Tom Coyne, Peigín Ní Nuadháin, Brídín Stiofáin Mhór Bheilbigh, Méine Niocláis, Siobhán Pheaidí Ní Fhátharta, Máire Neidín Ní Thuathail, Cáitín Pheilipe Chadhain, Máirín Ní Mháille.

Líne cúil, ó chlé: Frances John Mhicí Ní Óbáin, Máire Sheáin Ní Thuathail, Brídín Ní Mháille, Máirín Chóil Stiofáin Ní Nuadháin, Máirín Bheartla Jim Ní Dhonnchú agus Máirín Ní Fhátharta.

Rang eile i Scoil na Tulai sna 40adaí



Líne cúil, ó chlé: Bab Tady, Séamas Shéamais Mhoir, Séamaisín Nan, Stiofán Sheán Nan, Paddy Chóil Mhoir, Colm Pháidín, Taimín Nóra, Máirín Nóra. **An dara líne aniar, ó chlé:** Dan Duignan, Pete a' Mháilligh, Pádraig Nóra, Stiofán Mhaidhc Tom Bheartla, Tim Thaidig, Máirín Pháidín, Nainín Nóra, Máire Chóil Mhoir. **An tríú líne aniar, ó chlé:** Kate Choilm, Nóra Phaddy, Mary Rita Curley, Peigín Pháidín, Máirín a' Mháille, Máirín Bhaba, Baba Bhriain, Delia Mhicil Bheag, Nan Scanláin. **An líne tosaigh, ó chlé:** Joe Choilm, Beartla Mhicil Bheag, Seán Jeaic, Cóilín Cliseam, Murt Chóil Sheamaisín, Tom Chóil Mhoir, Johnny Mhicil Bheag.

Canon Lyons

(1811-1885)

Rugadh Pat Lyons (Canon Lyons) i mBéal Átha hAmhnais i gCo. Mhaigh in 1811. Chuaigh sé chuig an mbunscoil áitiúil agus ina dhiaidh sin go dtí Coláiste Iarlatha i dTuaim. Oirníodh ina shagart é i dTuaim in 1839, chaith sé dhá bhliain ina shéiplíneach i dTeampall an Tóchair, i mBaile Liam agus bliain eile ina dhiaidh sin i mBaile an Mhuilinn, Co. na Gaillimhe.

Ina dhiaidh sin, chaith sé ocht mbliana ag sagartóireacht i gCill Mhian, Baile Locha Riach i gCo. na Gaillimhe áit ar thóg sé teach an tsagairt agus Séipéal Naomh Iarlatha i mBaile Uí Dhúgáin. Ghlac sé ceannas ar an bparóiste sin, ceann de na paróistí ba lú in Ard-dheoise Thuama ag an am. Go deimhin bhí sé de cháil ar an Ath. Lyons go nglacadh sé seilbh air agus go gcuireadh sé a bhranda úinéireachta féin air. Dá bharr sin tá a ainm le feiceáil go fóill ar phlaic atá ar dhoras an tséipéil sin agus tá cuid dá ghaolta ina gcónaí sa gceantar go fóill.

In 1851 tháinig sé go dtí paróiste an Chnoic/an Spidéil mar shagart paróiste agus is ansin a chaith sé an chuid eile dá shaol - 34 bliana san iomlán - nó gur bhásaigh sé ar an 11ú Deireadh Fómhair 1885 in aois a 74 bliana. Tá sé curtha faoin altóir i Séipéal an Chnoic agus tá plaic ar bhall an tséipéil in onóir dó.



Seanphictiúir

Anall as Meiriceá

Seo grianghraif a fuair Jimí Ó Fátharta anall as Meiriceá le gairid agus aistriúchán ar chuid den litir a sheol Gerie Huppe anall leo:

“Phós Hanna Ní Thuairisg agus William O’Connor i 1902. Ní raibh aon chlann orthu ach bhí William pósta roimhe sin, sular chas sé le Hanna, agus bhí clann aige lena chéad bhean a bhásaigh agus na gasúir an-óg. Thóg Hanna na gasúir sin go fial cineálta, de réir dhuine dá leas-iníonacha.

Máirtín Rua Ó Tuairisg ab ainm d’athair Hanna agus Hanna Ní Chualáin a bhí ar a máthair, arbh as an Lochán Beag dí ó dhúchas. Bhí deirfiúr aici, Kate, a phós Beartla Ó Cualáin as an Teach Mór Thiar. Fuair mé na pictiúir seo de mhuintir Uí Fheinneadha ó neach Choilm Uí Fheinneadha, duine acu sin a bhásaigh nuair a phléasc an mianach ar an Lochán Beag. Col ceathair léi, James Francis Coyne, nach maireann, as Portland Maine, a thóg na pictiúir agus grianghrafadóir gairmiúil a bhí ann. Ba mac é siúd le James Francis Coyne agus Katherine Feeney, deirfiúr le Colm a bhásaigh i dtubaist an mhianaigh.”



Hannah agus William O'Connor.



Delia Mhaidhc Mharcais.



Tí Mhaidhc Sheáin Uí Fhinneadha, An Lochán Beag.



Maidhc Mharcais Ó Céidigh agus Jude Pheadair Dan Ní Fhinneadha.



Jude Pheadair Dan, Maria Jack (bean Pheadair Dan), Peige Ní Mhuirí, Máire Pheadair Dan (bean Phat Shéamais, Bánrach), Baibín Bhold Uí Dhonnchadha agus Joe Pheadair Dan.



**Ag breathnú ó dheas ó Tigh Delia Mhaidhc Mharcais
Tigh Thomáis Chamais (Ó hOibicín), Tigh Sheáin Uí Fhlatharta, Tigh Phádraicín a' Ghabha Uí Choistealbha,
Tigh Joe Phádraic Phaidín Ó Flatharta.**



**Ar chúl, ó chlé: Stiofán Phádraic Choilm Ó Céidigh, Na hAille; Colm an Fhatharta, An Tulach agus ??
Chun tosaigh: Marcus Ó Tuathail, Leithrinn agus Seán Ó Conghaile, Na hAille.**



**Michaelín Mheairt Ó Coistealbha, Cor na Rón agus Johnny Ó Conghaile, Johnny Óg agus Jimmy as Cor na Rón,
Dan Smith, Na hAille agus tomhaisigí féin an chuid eile.**



**Cuid dár
Muintir atá
imithe
leo ...**

**ag Ócáid
Shóisialta
Roinnt
Blianta
ó Shin.**

Thuas:

Peadar Ó Muirí, Cor na Rón agus Bearthla Mhicí Ó Coistealbha, Cor na Rón.

Thíos:

I measc an tslua bhí Tom Phatchín Ó Gamhnáin, Coill Rua; Matt Phádraicín Ó Diollúin, Cor na Rón agus Pádraic Phatch Mhóir, Cor na Rón.





**Ó chlé, Meaig Mhicilín Ó Cualáin, Coill Rua; Kate Bradford, Na hAille;
Baib Willie Ó Fátharta, Na hAille; Máire Chamais Uí Chonghaile, Na hAille.**



**Pádraic Nan Ó Curraoin, Saile Thúna; Johnny Mhicilín
agus cuirigí ainm ar an bhfear uasal ar dheis, le bhur dtoil.**

Sábháilt an Fhéir le hAnró



Thuas:

Máirtín Ó Márta agus Marcas Ó Flatharta as Cartúr Caol ar an gcoca an iarraidh seo agus is í Máirín Ní Mhárta atá ar an bpíce.

Thall:

Seán Ó Márta ligthe anuas ar an sconsa ar chlé agus Máirtín ar bharr an choca ach cé atá ag scaoileadh an rópa in íochtar an chairrín?

Freagra na tomhaise a cuireadh ar leathanach 34:
Seosamh Uasal Ó Márta (Esq.) atá ina chónaí ar an gCnoc, Indreabhán faoi láthair.



Go maire sibh bhur nuaíocht

13/03/07

Colm de Bhailís, Tuairín
Maria Nic Dhiarmada, Lochán Beag

30/03/07

Neil Deasy, Clonakilty
Íde Ní Mhuirí, Cré Dhubh

24/05/07

Rónán Barrett
Siobhán Denvir

08/06/07

Martin Monaghan
Máire Gearóidín Ní Choisdealbha,
Baile na mBrobhach

26/05/07

Stiofán de Bhailís, Sruthán
Seosaimhín Ní Chéidigh, Cnoc Aduaidh

28/07/07

Colm Ó Coisdealbha, An Caorán
Peigí Ní Chonghaile, An Caorán

11/08/07

Paul Dalton, Piltown
Áine Nic Riostáird, Na hAllie



F ilte Isteach

14/10/07

Faye Nic Dhonncha Ní Chionnaith
Bóthar Buí

21/10/07

Jeaic Páraig Ó Cualáin
Cor na Rón

21/10/07

Jessica Ní Chonghaile
Bóthar Buí

28/10/07

Ruadhán Ó Cualáin
Cré Dhubh

28/10/07

Caoilte Micheál Canny
Na hAille

24/11/07

Elanna Ní Thuairisc
Leithrinn

24/11/07

Isabella Noble
* * *

22/10/06

Fiontán Gearóid Rónán Ó Beoláin
Cor na Rón

29/10/06

Lúc James McHugh
Púirín

25/11/06

Gráinne Mary Breathnach
Coill Rua

24/12/06

Heidi Ann Nic Cormaic
Coill Rua

06/05/07

Neil Ó Muirí
Bóthar Buí

12/05/07

Muireann Mary Ní Ghloinn
Cor na Rón

19/05/07

Ferdia Ó Nuanáin Seoighe
Cor na Rón

02/06/07

Maidhc David Donnelly
Coill Rua

16/06/07

Sophie Issabella Olivia Cooke
Lochán Beag

21/07/07

Páraig Brian Nesbitt
Lochán Beag

25/08/07

Ruairí Tom Ó Céidigh
Teach Mór

22/07/07

Niamh Máire Ní Churraoin
Cnocán Glas

Slán Abhaile

27/08/06: Barbara Bolistrom, Baile na hAbhann

05/09/06: Maidhc Ó Cualáin, Teach Mór

13/10/06: Cáit Chóil Mhaidhc Ní Choisdealbha, Indreabhán

27/10/06: Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, Indreabhán

24/10/06: Máire Neilín Uí Lochlainn, Tearmann Ainnín

15/11/06: Alan Breathnach, An Tulaigh

24/10/06: Sarah Uí Thuathail, Coill Rua

22/12/06: Séamas Ó Conchubhair, Bánrach

23/02/07: Bríd Uí Chualáin, Baile na hAbhann

16/03/07: Kate Shéamais Mhóir, An Cnoc

16/03/07: John Boland, Coill Rua

06/04/07: Máirín Ní Ghamhnáin, Na Creagáin

08/04/07: Máire Ní Dhomhnaill, Baile na hAbhann

06/04/07: Nóra Ní Dhomhnalláin, Bóthar Buí

25/04/07: Crístín Uí Fhoighil, An Cnoc

20/04/07: Páiste Ó Céide, Cnoc a dTua

??/05/07: Barney Mór Ó Coisdealbha, Caorán

28/06/07: Máirtín Ó Curraoin, Caorán

02/08/07: Bríd Uí Churraoin, Cnocán Glas

12/08/07: Micheál Ó Diollúin, Cloch Mhór

07/09/07: Nóra Choilimín Mhic Dhonncha, Both Loiscthe

30/08/07: Art Mac Riostaird, Aille


??/09/07: Nóra Rua Uí Scanláin, Baile na hAbhann

23/09/07: Geraldine McDonnell Uí Chonghaile, Teach Mór

02/10/07: Colm Chóil Mhicí Ó Coisdealbha, Cor na Rón

21/10/07: Jim Crowe, Coill Rua

28/10/07: Meairt Steve Ó Cualáin, Cor na Rón Thoir



**Foilseachán stairiúil
ó Bhéalóideas Chois Fharraige.**